

# Comhairle Contae agus Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh

## Tuarascáil Bhliantúil 2012

COMHAIRLÍ CONTAE AGUS CATHRACH CHILL CHAINNIGH



# Ráiteas Misin

“Tá sé de chuspóir ag Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh oibriú i gcomhpháirtíocht le muintir Chill Chainnigh agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar agus chun forbairt inmharthana gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha le haghaidh na glúine seo agus glúine amach anseo a chur chun cinn”.



Halla an Chontae, Sráid Eoin, Cill Chainnigh

Guthán: +353 (0) 56 7794000

Facs: +353 (0) 56 7794004

Ríomhphost: [info@kilkennycoco.ie](mailto:info@kilkennycoco.ie)

Éigeandáil lasmuigh d’uaireanta oifige: 1890 252 654

Halla na Cathrach, an tSráid

Ard, Cill Chainnigh

Guthán: +353 (0) 56 7794500

Facs: +353 (0) 56 7794509

Ríomhphost: [info@kilkennycity.ie](mailto:info@kilkennycity.ie)

Uimhreacha Diailithe Dhíriú:

Mótarchánachas: +353 (0)56 7794100

Leabharlann Chontae: +353 (0)56 7794160

Seirbhís Dóiteáin: 112





An Comh. Marie Fitzpatrick, Cathaoirleach, Comhairle Contae Chill Chainnigh

Mar Chathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus Méara Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh, is mór an sásamh dúinn fáilte a chur roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2012. Cuireann an tuarascáil bhliantúil deis ar fáil don phobal chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na gComhairlí ar bhonn bliantúil.

Le linn 2012, bhí baint ag an dá Údarás in go leor tionscadail thábhachtacha. Ina measc seo bhí oscailt Leabharlann Phort an Chalaigh, fógairt an tionscadail ‘Medieval Mile’ agus an droichead beartaithe coisithe i gCathair Chill Chainnigh, an chuairt oifigiúil ar Suzhou sa tSín, críochnú na dtíthe ag Páirc Osraí agus Bóthar an Nuintis, faichí súgartha a sholáthar ag Droichead Binéid, Cill Mhic Bhúith agus Béal Átha Ragad, an tSiúlóid Líneach sa Leacain, clár cuimsitheach imeachtaí ealaíon, Féile Bhia Chill Chainnigh, seoladh Nasc-Éire agus tacaíochtaí leanúnacha airgeadais agus eile le haghaidh Eastáit Shlachtmhara agus Grúpaí Pobail.

Molaimid an obair iontach atá á déanamh ag grúpaí na mbailte slachtmhara, grúpaí pobail agus foireann an Údaráis Áitiúil ar chuir gach duine díobh go mór le marcanna feabhsaithe a fháil

sa chomórtas náisiúnta Bailte Slachtmhara inar bronnadh bonn óir ar Chathair Chill Chainnigh ina catagóir agus inar baineadh amach an chéad áit i suirbhé bruscair IBAL. Tá sé tugtha faoi deara gur ainmníodh na hÚdaráis Áitiúla le haghaidh dhámhachtainí Chomhlachas Tráchtála na hÉireann maidir le

trí thionscnamh; Grúpa Agraibhia Chill Chainnigh, Conláiste Cathartha agus Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir agus Glasú Thaispeántas Uíbh Eirc.

Ina theannta sin, ba mhian linn ár mbuíochas a chur in iúl don Bhainisteoir Contae, Joe Crockett agus d’fhoireann Chomhairlí Contae agus Bhuirg Chill Chainnigh as ucht a n-oibre agus comhoibríthe le linn na bliana agus táimid ag dréim le breis forbairtí le linn 2013.

Ar deireadh thiar, ba mhian linn buíochas a ghabhail lenár gComhchomhairligh as ucht a dtacaíochta le linn na bliana.

An Comh. Seán Ó hArgáin, Méara, Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh



An tUasal Joe  
Crocket,  
Bainisteoir  
Contae.

Is deas liom baint a bheith agam le cur i láthair na tuarascála seo don bhliain 2012.

Tá an tuarascáil seo á cur i láthair i rith aimsir an-dúshlánach le haghaidh Chomhairlí Contae agus Bhuirg Chill Chainnigh, agus aird ar an gcúlú náisiúnta ar fheidhmíocht gheilleagrach agus ar a n-impleachtaí le haghaidh na seirbhísí a chuirtear ar fáil le haghaidh saoránach.

Agus aird ar an gcúlra seo, agus ar na diansrianta airgeadais faoina n-oibríonn na Comhairlí, tá géarghá fiú níos tábhachtaí ann anois le forbairt an chontae agus na cathrach. Agus seo san áireamh, lean Comhairle Contae agus Bhuirg Chill Chainnigh, i bpáirtíocht le go leor comhpháirtithe, leis na príomhghnéithe um dhul chun cinn don chontae agus don chathair a chur chun cinn, agus ina measc bhí, oideachas, nuálaíocht, agraibhia, turasóireacht, eolaíochtaí beatha agus déantúsaíocht.

I measc na dtionscnamh bhí:-

Oscailt Ionad Taighde agus Nuálaíochta an TSSG a chuirfidh feabhas ar chumas taighde agus acadúil chun tacú le tionscadal agus le fiontar.

Grúpaí ardleibhéil bhia agus eolaíochta chun díriú ar réitigh le haghaidh Harvest 2020, go háirithe an earnáil déirí.

Oscailt Soláthar Straitéiseach Uisce Belview, comhthionscadal idir an IDA agus Comhairle Contae Chill Chainnigh chun tacú leis na heolaíochtaí beatha agus le déantúsaíocht.

Seoladh Nasc-Éire.

Fógairt an fheidhmchláir thurasóireachta Medieval Mile.

Síniú an Mheabhráin Tuisceana idir Daonrialtas Suzhou na Síne agus Comhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh.

Tosú an athbhreithnithe ar an bPlean Forbartha Contae agus an Plean Forbartha Cathrach agus Purláin.

Ní mór an fheidhm forbartha seo a chothromú le rialú stuama airgeadais agus déanamh cúramach cinntí mar gheall gur mian linn leibhéil seirbhíse a choimeád i bhfianaise ioncaim laghdaitheacha.

Leanann an dá Údarás le bealaí nua a aimsiú chun níos mó a dhéanamh le níos lú acmhainní trí chomhsheirbhísí, tionscnaimh sholáthair, comhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile, agus úsáid níos bisiúla agus éifeachtaí a bhaint as acmhainní.

Is mian liom an obair faoina bhfuil pobail áitiúla agus coistí beartais straitéisigh ag tabhairt a aithint. Baineann fíor-fhiúntas leis na coistí seo maidir le lámh chúnta a thabhairt don Chomhairle Contae iomlán i dtaca le tabhairt faoina gcuid cuspóirí agus tabhairt faoi ghnó. Léiríonn na comhairligh agus na baill sheachtracha tréantiomantas a ndearna cathaoirligh leantacha freastal maith orthu le himeacht na mblianta.

Ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl do dhúthracht agus obair dhian an Chathaoirligh, an Comh. Marie Fitzpatrick, Cathaoirleach, an Mhéara, an Comh. Seán Ó hArgáin agus gach duine de na baill thofa, gach duine d'fhoireann Chomhairlí Contae agus Bhuirg Chill Chainnigh agus na grúpaí, eárnálacha, coistí agus daoine aonair a oibríonn linn chun forbairt agus folláine mhuintir chontae agus chathair Chill Chainnigh a chur chun cinn.



## Bóithre agus Iompar

- Tar éis pleanáil rathúil agus ceannach talún in 2011, bhronn an Chomhairle conradh oibreacha chun tìmeallán nua a thógáil ag Crosaire Hennebry i samhradh 2012
- Thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi deara go ndeachaigh breis agus 300 lá i ndiaidh a chéile thart agus nár cuireadh i dtaifead oiread agus timpiste bhóthair amháin inar maraíodh duine sa chontae
- Go déanach in 2012, d'fhaomh Fáilte Éireann pacáiste cistithe le haghaidh an tionscadail 'Medieval Mile' i gCathair Chill Chainnigh
- Críochnaíodh an chéim dheiridh de raonta rothar, cosáin agus an soilsíú nua poiblí feadh fhad iomlán Chuarbhóthar Chill Chainnigh
- Críochnaíodh scéim mhór fónais agus bainistithe tráchta i bhFaiche Eoin i gCill Chainnigh



## Pleanáil agus Tithíocht

- D'éirigh le hÚdarás Áitiúla Chill Chainnigh 4 milliún a fháil agus a liúntas a chaitheamh ar chríochnú 31 aonad agus Ionad Pobail i bPáirc Osraí mar aon le 20 aonad i gCnoc na Rós, Bóthar Cheanannais. Úsáideadh an chothromaíocht airgid chun 6 teach inacmhainne nár díoladh a fháil agus a chur sa stoc ag Gráig na Manach.
- Críochnaíodh 15 aonad ag Bóthar an Nuintis trí chostáil S.O.S 1.6 milliún
- Soláthraíodh 12 aonad cóiríochta do theaghlaigh an Lucht Siúil
- Oiriúnaíodh 44 teach LA in 2012 chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas  
Caitheadh 1.8 milliún ar an iomlán ar 258 iarratas
- Fuarthas tacaíocht €6,000 le haghaidh Chomórtas na nEastát Slachtmhar LA
- Tugadh tacaíocht do 80 coiste gníomhach pobail in 2012



## Seirbhísí Leabharlainne

- Taispeánadh na pleannanna beartaithe le haghaidh na Leabharlainne nua Cathrach in aice Halla an Chontae, Sráid Eoin do bhaill thofa
- Tugadh 27,686 cuairt ar bhraintí leabharlainne
- Ceannaíodh foirgneamh nua i bPort an Chalaigh, Contae Chill Chainnigh lena úsáid mar leabharlann bhraintse



## Páirceanna agus Fóntais

- Rinneadh feabhsú cuimsitheach ar an bhfaiche ag Garraí an Chrainn trí ghaineamh a scaipeadh agus trí shíolta a chur athuair i samhradh 2012
- Bhí cúnamh deontais á fháil ag breis agus nócha grúpa in 2012
- Leanann Gairdíní Chluain Dúin bheith mar ionad mealltach cuairteoirí



## Seirbhísí Dóiteáin agus Cosaint Shibhialta

- Sholáthair pearsanra na Seirbhísí Dóiteáin Clár um Shábháilteacht ó Dhóiteáin 2012 na mBunscoileanna
- In 2012, bronnadh deimhnithe um Chosaint Shibhialta ar 20 oibrí deonach
- Ghlac Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh páirt sa Fhreagairt Réigiúnach um Chosaint Shibhialta ar an Iarnród Aclaíochta i gCeatharlach



## Dramhaíl agus an Comhshaol

- Rinne Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir Seachtain Athchúrsála Repak a cheiliúradh trí imeacht um chur chun cinn margaiochta Amais Athchúrsála ('Recycling Hits') i gcomhar le KCLR96FM
- Iomaitheoir a bhí in Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir i nDámhachtainí Ionad Náisiúnta Athchúrsála Repak, agus tugadh aitheantas náisiúnta don ionad mar cheann de na trí fhóntas athchúrsála is fearr sa tír
- Oibríonn an Rannóg Comhshaoil breis agus daichead ionad *fág anseo* fud fad an chontae anuas ar fhóntas an Dúin Mhóir
- Glacann breis agus 85% de na scoileanna páirt i gclár na scoile glaise
- Chláraigh 119 grúpa áitiúil pobail leis an Taisce chun páirt a ghlacadh i nGlantachán Náisiúnta an Earraigh in Aibreán. Soláthraíodh soláthairtí breise glantacháin do ghrúpaí ónar theastaigh cúnamh agus d'eagraigh an Rannóg Comhshaoil bailiú bruscair ó ghlantacháin mhóra phobail.
- D'eagraigh Comhairle Contae Chill Chainnigh 'Glasú Taispeántas Uíbh Eirc' Tá Taispeántas Uíbh Eirc ar cheann de na taispeántais talmhaíochta is sine sa tír agus reáchtáiltear é i gcomhar le Comhairle Contae Chill Chainnigh agus leis na hOifigigh um Fheasacht ar an gComhshaol san Oirdheisceart chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil an taispeántais. Thug an GCC tacaíocht airgeadais don tionscadal. Ainmníodh an tionscadal le haghaidh dhámhachtain Sármhaitheasa Chomhlachas Tráchtála na hÉireann.



## Na hEalaíona agus an Oidhreacht

- Thug breis agus 10,000 duine faoi chlár faoi thacaíocht Oifig na nEalaíon nó páirt a ghlacadh iontu in 2012
- Thug Oifig na nEalaíon tacaíocht do Shraith Ceolchoirmeacha an Dubhuisce agus do Thionscnamh Nua Ceoil Fhéile Ealaíon Chill Chainnigh chun na healaíona a chur i measc lucht leanúna nua agus pobail áitiúla.
- Lá Náisiúnta Tarraingthe Pictiúr ('National Drawing Day'); comhpháirtíocht atá san imeacht seo idir Dánlann Butler, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Oifig Ealaíon National Drawing Day. Ghlac 389 duine, ar an iomlán, ó gach aoisghrúpa páirt ann.



## Seirbhísí Uisce

- In 2011, rinne an tÚdarás breis agus 9.4 milliún méadar cearnach d'uisce ardchaighdeán óil a tháirgeadh go díreach do dhaonra breis agus 61,000 duine ar fud an chontae.
- Tugadh chun críche deisiú taiscumar 1 milliún galún ag Baile Rád in 2012 ar chostas €276,000
- Don dara bliain as a chéile, ní raibh aon mhéadú ar mhuirir uisce agus dhramhaíola. B'ionann na rátaí le haghaidh úsáideoirí neamhbhaile agus €0.96 in aghaidh an mhéadair chearnaigh le haghaidh uisce óil agus €1.93 in aghaidh an mhéadair chearnaigh le haghaidh fuíolluisce (comhráta €2.89)
- Bhí Comhairle Contae Chill Chainnigh ar cheann de shé Údarás Áitiúla sa tír a bhain marc 100% amach nuair a rinne an GCC measúnú ar fhoilsiú torthaí um cháilíocht uisce ar líne.



## Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireacht

- Cruthaíodh caidreamh leis an tSín trí nascadh bailte, cuairt oifigiúil toscaireachta chuig Suzhou sa tSín agus rinneadh cúrsa Chultúr na Síne a mhair sé seachtaine a reáchtáil
- Rinneadh líon imeachtaí ardphróifíle a óstáil in 2012 chun próifíl Chill Chainnigh a ardú mar láthair gnó, chun naisc a fhorbairt leis an bpobal reatha gnó, agus chun an chathair agus an contae a mhargú le haghaidh infheisteoirí nua féideartha
- Rinne Turasóireacht Chill Chainnigh comhairligh chaidrimh phoiblí agus mhargaíochta nua a fhostú agus forbraíodh straitéis nua turasóireachta, agus seoladh an branda nua 'Kilkenny – living history, loving culture' a rinne sprioc de ghnó méadaithe intíre agus idirnáisiúnta trí na meáin shóisialta, lena n-áirítear Flickr, YouTube agus feachtais shonracha SEO gréasáin (optamú inneall cuardaigh)
- Cuireadh tionscadal ar "Tacú le Forbairt Gheilleagrach an Tionscail Agraibhia san Oirdheisceart" ar an ngearrliosta i nDámhachtainí Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann faoin gCatagóir 'Comhpháirtíocht le Gnó'

# Clár Ábhar

---

## 1 Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh

- 1.1 Struchtúr Chomhairle Contae Chill Chainnigh
- 1.2 Struchtúr Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh
- 1.3 Baill na gCoistí agus na bhFochomhlachtaí

---

## 2 Seirbhísí Rannóige Chomhairle Contae Chill Chainnigh

- 2.1 Seirbhísí Corparáideacha, Iompar, Éigeandáil agus Pleanála agus Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh
- 2.2 An Pobal, an Cultúr, Tithíocht agus Pleanáil
- 2.3 Stiúirthóireacht: Airgeadas agus Forbairt Gheilleagrach
- 2.4 Stiúirthóireacht: Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

---

## 3 Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh

- Aguisín 1. Baill agus Toghcheantair
- Aguisín 2. Tuarascálacha Airgeadais
- Aguisín 3. Táscarí Seirbhíse
- Aguisín 4. Comhdhálacha




## Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh




## Ballraíocht Thofa

Tá fiche a sé ball i gComhairle Contae Chill Chainnigh a thoghtar le haghaidh téarma oifige cúig bliana. Toghadh an Chomhairle reatha i Meitheamh 2009 agus léirítear an bhallraíocht amháil an 31 Nollaig 2012 ag Aguisín II. Rinneadh líon iarbhall den Chomhairle a thoghadh leis an Dáil agus le Seanad Éireann agus le parlaimint na hEorpa agus a gcuid sonraí teagmhála curtha san áireamh.



## Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Contae Chill Chainnigh

Laistigh de struchtúr bainistíochta Chomhairle Contae Chill Chainnigh, déanann ceathrar Stiúrthóirí Seirbhísí tuairisciú don Bhainisteoir Contae Is ionann a leanas na ceithre stiúrthóireacht agus a bpríomhlímistéir freagrachta:




## 1.2 Struchtúr Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh


### Ballraíocht Thofa

Tá dháréag ball i gComhairle Bhuirg Chill a thoghtar le haghaidh téarma oifige cúig bliana. Toghadh an Chomhairle reatha i Meitheamh 2009 agus léirítear an ballraíocht amhail an 31 Nollaig 2012 thíos. Rinneadh roinnt de bhaill na Comhairle Buirge a thoghadh le Comhairle Contae Chill Chainnigh chomh maith agus déanann siad ionadaíocht do Thoghcheantar Chill Chainnigh ar an gComhairle Contae.

### Struchtúr Bhallaíocht Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh



### Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh



## 1.3 Baill na gCoistí agus na bhFochuideachomhlachtaí

Tá dualgas dlíthiúil ar Údaráis Áitiúla chun roinnt Coistí a bhunú, ar nós Coistí Beartais Straitéisigh. Tá údarás lánroghnach ag Údaráis Áitiúla chun coistí eile a bhunú d'fhonn cabhrú leo tabhairt faoina ról mar bhaill thofa.

### Coistí Beartais Straitéisigh (CBS)

Bhunaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh 5 Choiste Beartais Straitéisigh chun cabhrú leis an gComhairle thofa i gcruthú beartais.

Is iad na cúig choiste beartais straitéisigh seo:

1. Pleanáil agus Beartas Forbartha Chun Cinn
2. Bonneagar, Iompar, Seirbhísí Uisce agus Eile
3. Beartas Comhshaoil, Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil Éigeandála
4. Beartas Tithíochta agus Sóisialta
5. An Pobal agus Beartas Sóisialta, na hEalaíona, Oidhreacht, Turasóireacht agus Oideachas

Is ionann a leanas ionadaíocht agus tuarascálacha an Choiste le haghaidh 2012:

1	Pleanáil agus Beartas Forbartha Chun Cinn	5 chruinniú in 2012
<b>CATHAOIRLEACH</b>	 <b>An Comh. Maurice Shortall</b> 42 Maryville, Caisleán an Chomair, Contae Chill Chainnigh	
<b>BAILL</b>	An Comh. Pat Dunphy, Baile Uí Ghuara, Móin Choinn, Contae Chill Chainnigh An Comh. Anne-Maria Irish, Baile Niocláis, Sliabh Rua, Contae Chill Chainnigh An Comh. Fidelis Doherty, Baile an Fhasaigh, an Gleann Mór, Contae Chill Chainnigh An Comh. Jane Moran, Ráth an Chomhraic, Droichead Binéid, Contae Chill Chainnigh An Comh. Michael O'Brien, Cnoc na mBráithre, Baile Mhic Andáin, Contae Chill Chainnigh An Comh. Seán Treacy, an Chúil Rua Bheag, Baile Mhic Andáin, Contae Chill Chainnigh  <b>Ball den Choimhairle Buirge</b> – an Comh. Seán Ó hArgáin <b>Gnó/Tráchtáil</b> – Alison McGrath, Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh <b>Tógáil agus Tionscal</b> – Denis Guilfoyle, Cónaidhm an Tionscail Tógála <b>Comhshaoil</b> – Cólín Ó Drisceoil, Seandálaíocht Chill Chainnigh <b>An Pobal agus Deonach</b> – John Burke Baile na dTurcach, Baile an Phoill, Contae Chill Chainnigh <b>Talmhaíocht</b> – Kevin Connolly, an Chúil Mhór, Cnoc an Tóchair, Contae Chill Chainnigh	
<b>ACHOIMRE TUARASCÁLA</b>		<ul style="list-style-type: none"><li>• Athbhreithniú ar an Straitéis Miondíola/Dréacht-Treoirfínte Miondíola</li><li>• Plean Forbartha Contae 2014-2020</li><li>• Straitéis Fuinneamh Gaoithe</li><li>• Nuashonrú Pleananna Ceantair Áitiúil</li><li>• Forbairtí Neamhchríochnaithe Tithíochta agus Tógáil i gCúram</li><li>• Cairéil: Alt 261A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2010</li></ul>

## CATHAOIRLEACH



**An Comh. Matt  
Doran**  
Sruth an Mhaide,  
Cill Mogeanna,  
Contae Chill  
Chainnigh  
051 648220

## BAILL

An Comh. John Brennan, an Chruit, an Chloch, Caisleán an Chomhair,  
Contae Chill Chainnigh 056 4442319  
An Comh. Fidelis Doherty, Baile an Fhasaigh, an Gleann Mór, Contae Chill  
Chainnigh 051 880310  
An Comh. Jane Moran, Ráth an Chomhraic, Droichead Binéid, Contae Chill  
Chainnigh 086 3655314  
An Comh. Malcolm Noonan, 35 Cearnóg Athar Uí Mhurchú, Cill Chainnigh 056  
7723276  
An Comh. Pat Millea, Baile an Ghaill, Tulach Ruáin, Contae Chill Chainnigh  
056 7769182

**Gnó agus Fostóirí** – Cormac O’Sullivan, Bóthar an Agaird, Ceanannas, Contae Chill  
Chainnigh

**Ceardchumann** – Denis Hynes, SIPTU, Sráid Phádraig, Cill Chainnigh

**An Rannóg Comhshaoil** – Ann Gibbons, Teach Chill Rí, Cill Chainnigh

**An Pobal agus Deonach** – Paul Corcoran, Baile an Phoill, Contae Chill  
Chainnigh

**Talmhaíocht** – Michael Rice, an tIomaire Glas, Cill Chainnigh

## ACHOIMRE TUARASCÁLA

- Plean Cothabhála an Gheimhridh
- Bóithre Áitiúla Aicme 3 (bóithre áitiúla den tríú grád)
- Forbhreathnú ar an bPróiseas Oiriúnach Measúnaithe
- Cur i láthair ar Impleachtaí Uisce na hÉireann le haghaidh an Bhoneagair Seirbhísí i gCill Chainnigh
  - Scéimeanna Prolótacha Moillithe Tráichta
  - Scéim Leathanbhanda Tuaithe
  - Stopanna Bus Tuaithe
- Athbhreithniú ar Riosca Tuile agus Ceantair le haghaidh breis Measúnaithe
  - Taisteal Níos Cliste
  - Suirbhé ar an mBail atá ar Bhóithre Réigiúnacha
  - Uasdátú an Tionscadail Nasc Greille
  - Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020
  - Tús Áite do Dhaoine

## CATHAOIRLEACH



**An Comh.  
Martin Brett**  
Doire Díomais,  
Páirc Theach  
Naithí, Cill  
Chainnigh  
056 7761116

## BAILL

An Comh. Paul Cuddihy, Bóthar na nGráinseach, Cill Chainnigh 087 9931484

An Comh. Tom Maher, an Mhóin Leathan, Callainn, Contae Chill Chainnigh  
056 7725234

An Comh. Anne-Maria Irish, Baile Niocláis, Sliabh Rua, Contae Chill  
Chainnigh 051 851483

An Comh. Mary Hilda Cavanagh, Ball an Fhaoitigh, Crois Phádraig, Contae Chill  
Chainnigh 0505 46419

An Comh. Éamonn Aylward, Ballynooney, Muileann an Bhata, Contae Chill  
Chainnigh 051 898975

**Gnó/Tráchtáil** - Folamh

**An Rannóg Comhshaoil** - Pat Durkan, 5 Radharc na hAbhann, Cill  
Chainnigh.

**An Pobal agus Deonach** - Seán Fitzpatrick, Bóthar Bhaile na Manach, an  
Ráth Mhaol, Cill Chinnigh

**Talmhaíocht** - John Bambrick, Baile an Mhárlartaigh, Callainn, Contae Chill  
Chainnigh

## ACHOIMRE TUARASCÁLA Bainistíocht Dramhaíola

- Beartas Náisiúnta Dramhaíola
- Plean Bainistíochta Bruscair
- Toirmeasc ar Ghual Toiteach
- Treochtaí Náisiúnta an Chomhshaoil agus Repak
- Oideachas agus Feasacht
- Ionad Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola an Dúin Mhóir
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirdheiscirt

## Cáilíocht Uisce

- Cáilíocht Uisce Abhann – Tuarascáil um Cháilíocht Uisce Abhann Chaill Chainnigh 2011
- Plean Truaillithe Cósta
- Athchóiriú na hEamála Uisce in Éirinn

## Seirbhís Tarrthála Dóiteáin Chill Chainnigh

- Tionscadail chaipitiúla
- Mórbhainistíocht Éigeandála
- Cosc Dóiteáin

## Eile

- Athrú Aeráide – Feachtas um Fhaisnéis ar Athrú Aeráide Eorpach
- Uasdátú na seirbhíse Garda Tarrthála
- Seirbhísí tréidliachta
- Cosaint Shíbhialta
- Reiligí
- Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach/Chill Chainnigh

## CATHAOIRLEACH



**An Comh. Marie  
Fitzpatrick**  
64 Pás an Easpaig  
Birch,  
Cill Chainnigh  
056 7764438  
056 7764438

## BAILL

An Comh. David FitzGerald, 24 Sráid Phádraig, Cill Chainnigh 056 7770888  
An Comh. Catherine Connery, Corclach, Contae Chill Chainnigh 056 7767692  
An Comh. William Ireland, Dún Feart, Contae Chill Chainnigh 056 7727668  
An Comh. Cora Long, Baile Mhic Grifín, an Carraigín, trí Phort Láirge 051 897894  
An Comh. Andrew McGuinness, Oifig Toghcheantair, Bóthar Uí Lachnáin 056 7770672

**Tógáil agus Tionscal** - Ivan Shannon, CIF  
**An Pobal agus Deonach** - Sheila Donnelly  
**Ceardchumann** - Yvonne Moriarity  
**Talmhaíocht** - Elizabeth Regan

## ACHOIMRE TUARASCÁLA

- Measúnú agus Liúntais Tithíochta
- Cothabháil, iasfheistiú, aonaid Fholma
- Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta
- Scéim Cóiríochta Cíos (RAS)
- Scéim ó Mhorgáiste go Cíos
- Riaráistí Morgáiste – Iasachtaí Údaráis Áitiúil
- Clár Caipitiúil 2012
- Deontais Tithíochta
- Scéim Nua Cíosanna Difreálacha
- Tionscnaimh an Lucht Siúil



## CATHAOIRLEACH



**An Comh. John Brennan**  
An Chruit, an Chloch,  
Caisleán an Chomhair,  
Contae Chill Chainnigh 056  
4442319

## BAILL

An Comh. Paul Cuddihy, Bóthar na nGráinseach, Cill Chainnigh 087 9931484  
An Comh. Tommy Prendergast, 3Ascaill Oilibhéir Pluincéid, Tigh na hInse, 059 9724770

An Comh. Pat Crowley, Cill Mogeanna, Contae Chill Chainnigh, 056 772831  
An Comh. Tomás Breathnach, Bóthar na Ceárta, an Fhorrach Bhán, Cill Mhic Bhúith, 051 885483

An Comh. John Coonan, 17 Clós na Sailí, Ard Mór, Cill Chainnigh 056 7762398

**Ionadaí den Chomhairle Buirge** - an Comh. David FitzGerald

**Gnó agus Fostóirí** - Róisín McQuillan, **Rannóg Comhshaoil Líonra** Mhná Gnó Chill Chainnigh - Darren Donohue, an Ghráinseach Íochtarach, an Droichead Nua, Contae Chill Chainnigh

**An Pobal agus Deonach** - Breda McDonald, Ballintleg, Muileann an Bhata, Contae Chill Chainnigh

## ACHOIMRE TUARASCÁLA

- Uasdátuithe ag an Oifigeach Oidhreachta ar thionscadail 2012
- Uasdátuithe ag an Oifigeach Ealaíon ar thionscadail 2012
- Clár Éachtaí Sóisearacha
- Uasdátuithe Leabharlainne
- Scéim Chaipitiúil Fónais Phobail agus Chultúrtha
- Clár Contae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta
- Clár an Lucht Siúil agus Cultúr an Lucht Siúil
- Fóram Comhtháite
- Clár Óige
- Feachtas Náisiúnta Ealaíon
- Comhpháirtíocht Spóirt Caitheamh Aimsire Chill Chainnigh
- Clár INTERREG na hÉireann/na Breataine Bige 2007-2013

## Coiste Beartais Chathrach Chathair Chill Chainnigh (MPC)

Bhunaigh Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh Coiste Beartais Chathrach. Is mar seo a leanas a mballraíocht agus a dtuarascáil le haghaidh 2012:

	<b>Coiste Beartais Chathrach Chathair Chill Chainnigh (MPC)</b>	<b>1 chruinniú in 2012</b>
--	---	----------------------------

### CATHAOIRLEACH



#### An Comh. Joe Reidy

Teach na  
Parlaiminte,  
Sráid na  
Parlaiminte,  
Cill Chainnigh

### BAILL

An Comh. David FitzGerald, 24, Sráid Phádraig, Cill Chainnigh **Ball Tofa**  
An Comh. Paul Cuddihy, Bóthar na nGráinseach, Cill Chainnigh **Ball Tofa**  
An Comh. Kathleen Funchion, 28, an Caisleán Bán, Cnoc an Tóchair, Contae Chill Chainnigh **Ball Tofa**  
An Comh. Seán Ó hArgáin, Sceilg, Cnocán an Ghraoinigh, Cill Chainnigh **Ball Tofa**  
An tAthair Nicholas Flavin, Fóram Pobail agus Deonach Chill Chainnigh, Cúirt na Mflaoise, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh **Ionadaí den Fhóram Pobail agus Deonach**  
An tUasal Pat Henderson, Sráidbhaile Inse an Talbóidigh, Bóthar Achadh Úr, **Ionadaí Spóirt Chill Chainnigh**  
An tUasal Éamon Langton, Bóthar Shióin, Cill Chainnigh **Ionadaí Turasóireachta**  
An tUasal Joe Ledwidge, Old Bekwai, Bóthar Bhaile an Dúinínigh, **Ionadaí Oidhreacht Chill Chainnigh**  
An tUasal Jim Flynn, Café Chill Chainnigh, Crois an Mhargaidh, Cill Chainnigh **Ionadaí Gnó Chill Chainnigh**

### ACHOIMRE TUARASCÁLA

- Destination Kilkenny/Medieval Mile
- Corrthrádáil – Athbhreithniú ar Fhodhlíthe
- Próiseas Athbhreithnithe an Phlean Forbartha, lena n-áirítear an Straitéis Miondíola
- An Nollaig i gCill Chainnigh
- Clár Oibre 2013
- Séadchomhartha Iománaíochta

## Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh

Bhunaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh Comhchoiste Póilíneachta. Is mar seo a leanas a mballraíocht agus a dtuarascáil le haghaidh 2012:

	<b>Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Contae Chill Chainnigh</b>	<b>4 chruinniú in 2012</b>
--	---	----------------------------

### CATHAOIRLEACH



**An Comh. Paul  
Cuddihy**  
Bóthar na  
nGráinseach, Cill  
Chainnigh

### BAILL

An Comh. Maurice Shortall, 42 Maryville, Caisleán an Chomair, Contae Chill Chainnigh  
An Comh. Catherine Connery, Corclach, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. Marie Fitzpatrick, 64 Plás an Easpaig Birch, Cill Chainnigh.  
An Comh. Matt Doran, Sruth an Mhaide, Cill Mogeanna, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. William Ireland, Dún Feart, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. Tom Maher, an Mhóin Leathan, Callainn, Contae Chill Chainnigh.  
An Seanadóir Pat O'Neill, Baile Thréidín, Droichead Binéid, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. Tommy Prendergast, 3 Bóthar Shráid Oilibhéar Pluincéid, Tigh na hInse, Gráig na Manach, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. Michael O'Brien, Cnoc na mBráithre, Baile Mhic Andáin, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. Seán Treacy, an Chúil Rua Bheag, Baile Mhic Andáin, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. Long, Baile Uí Gríofín, an Carraigín, trí Phort Láirge, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. Pat Dunphy, Baile Uí Ghuara, Móin Choinn, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. Anne-Maria Irish, Baile Niocláis, Sliabh Rua, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. Éamon Baile an Aighleartaigh, Ballynooney, Muileann an Bhata, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. Fidelis Doherty, Baile an Fhasaigh, an Gleann Mór, Contae Chill Chainnigh.  
An Comh. Tomás Breathnach, Bóthar na Ceárta, an Fhorrach Bhán, Cill Mhic Bhúith, Contae Chill Chainnigh.  
An Ceannfort Kevin Dolan, Stáisiún Gardaí Bhaile Mhic Andáin, Baile Mhic Andáin, Contae Chill Chainnigh.  
An tArd-Cheannfort M.McGarry, Stáisiún Gardaí Bhaile Mhic Andáin, Baile Mhic Andáin, Contae Chill Chainnigh.  
An tUasal John Burke, Baile na dTurcach, Baile an Phoill, Contae Chill Chainnigh.  
An tUasal Mary Egan, Tulchacht, Bearna na Gaoithe, Contae Chill Chainnigh.  
An tUasal Gerard Ferris, Ard Ráithe, Caisleán an Chomhair, Contae Chill Chainnigh.  
An tUasal Phil Hogan, T.D., Oifig Toghcheantair, an tSráid Nua, Cill Chainnigh.  
An tUasal John McGuinness, T.D., Oifig Toghcheantair, Bóthar Uí Lachnáin, Cill Chainnigh.  
An tUasal Ann Phelan, T.D., Gleanntán Bhréanail, Gráig na Manach, Contae Chill Chainnigh.  
An tUasal John Paul Phelan, T.D., Baile an Ghabhann, Tulachar, Contae Chill Chainnigh.  
An tUasal Pat Deering, T.D., Ráth Bhille, Contae Cheatharlach.  
An Comh. Jane Moran, Ráth an Chomhraic, Droichead Binéid, Contae Chill

# Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh

Chainnigh.

## ACHOIMRE NA TUARASCÁLA • Coireacht, Drugaí agus Ord Poiblí

- Sábháilteacht daoine ina dtíthe
  - Seachtain na Feasachta ar Dhrugaí/Fodhlíthe Alcóil
  - Ról an Chomhchoiste Póilíneachta ag cabhrú leis an Tascfhórsa Drugaí
  - Faire Comharsanachta agus Scéim Pobail ar Aire
  - Rannpháirtíocht Pobail
  - Bhí 2 Chruinniú Phoiblí ar siúl – Béal Átha Ragad/Callainn
  - An Clár “Cúnamh Íospairtigh” (‘Victim Assist’)
  - Dúnadh Stáisiúin Ghardaí Tuaithe
  - Trácht
  - Saincheisteanna um Shábháilteacht ar Bhóithre
  - Staitisticí maidir le tiomáint faoi thionchar óil, tiomáint ar luas agus cionta crios sábhála
-

## Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh

Bhunaigh Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh Comhchoiste Póilíneachta. Is mar seo a leanas a mballraíocht agus a dtuarascáil le haghaidh 2012:

	<b>Comhchoiste Póilíneachta Chathair Chill Chainnigh</b>	<b>3 chruinniú in 2012</b>
--	--	----------------------------

### CATHAOIRLEACH



**An Comh. Paul Cuddihy**  
Bóthar na nGráinseach,  
Cill Chainnigh

### BAILL

An Comh. David FitzGerald, 24, Sráid Phádraig, Cill Chainnigh  
An Comh. Martin Brett, Doire Díomais, Tigh na Páirce, Cill Chainnigh  
An Comh. Andrew McGuinness, Oifig Toghcheantair, Bóthar Uí Lachnáin, Cill Chainnigh  
An Comh. Joe Reidy, Teach na Parlaiminte, Sráid na Parlaiminte, Cill Chainnigh  
An Comh. John Coonan, 17 Clós na Sailí, Cill Chainnigh  
An Comh. Joe Malone 11, Eastát Chnoc Mhairidin, Cill Chainnigh  
An Comh. Kathleen Funchion, 28, an Caisleán Bán, Cnoc an Tóchair, Contae Chill Chainnigh  
An Comh. Malcolm Noonan, 35, Cearnóg Athar Uí Mhurchú, Cill Chainnigh  
An Comh. Marie Fitzpatrick, 64 Plás an Easpaig Birch, Cill Chainnigh  
An Comh. Seán Ó hArgáin “Sceilg”, Cnocán an Ghraonaigh, Cill Chainnigh  
An tUasal Phil Hogan, T.D., Oifig Toghcheantair, an tSráid Nua, Cill Chainnigh  
An tUasal Ann Phelan, T.D., Gleanntán Bhréanail, Gráig na Manach, Contae Chill Chainnigh  
An tUasal John McGuinness, T.D., Oifig Toghcheantair, Bóthar Uí Lachnáin, Cill Chainnigh  
An tUasal Patrick Deering, T.D., Baile Oilibhéir, Ráth Bhille, Contae Cheatharlach  
An tArd-Cheannfort Michael McGarry, Stáisiún Gardaí Bhaile Mhic Andáin, Baile Mhic Andáin  
An Ceannfort Pádraig Dunne, Stáisiún Gardaí Chill Chainnigh, Sráid Dhoimnic, Cill Chainnigh  
An Cigire Liam Connolly, Stáisiún Gardaí Chill Chainnigh, Sráid Dhoimnic, Cill Chainnigh  
An tUasal Pat McAuley, 40, Sráid Uí Chonghaile, Cill Chainnigh  
An tUasal Enya Kennedy, Teach Wolfe Tone, Sráid Wolfe Tone, Cill Chainnigh  
An tUasal Joseph Mguni, 14 Cúirt Choill na Darach, Páirc na nGamhan, Cill Chainnigh  
An tUasal Martina Comerford, Comhordaitheoir RAPID, an Rannóg C&E

### ACHOIMRE TUARASCÁLA Coireacht, Drugaí agus Ord Poiblí:

- Fadhbanna Drugaí i gCathair Chill Chainnigh
- Sábháilteacht daoine ina dtíthe
- Seachtain na Feasachta ar Dhrugaí

### Rannpháirtíocht Pobail:

- Scéimeanna um Fhaire Pobail agus Pobail ar Aire
- Aga slánúcháin Tithe Údaráis Áitiúil
- Staitisticí maidir le foréigean baile
- An Clár “Cúnamh Íospairtigh” (“Victim Assist”)

### Trácht:

- Saincheisteanna um Shábháilteacht ar Bhóithre

## Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh

- Tráth na gCeisteanna idir Scoileanna
  - Staitisticí maidir le tiomáint faoi thionchar óil, tiomáint ar luas agus cionta crios sábhála
  - Lánaí rothair a sholáthar agus a úsáid laistigh den Chathair
-

## Coistí Toghcheantair

Bunaíodh Cúig Choiste Ceantair. Baill a toghadh le Comhairle Contae Chill Chainnigh ó na 5 Toghcheantar iad baill dá gCoiste Ceantair faoi seach.

### Is iad na Coistí Ceantair;

- Coiste Toghcheantair Bhéal Átha Ragad
- Coiste Toghcheantair Challainn
- Coiste Toghcheantair Chill Chainnigh
- Coiste Toghcheantair Bhaile Mhic Andáin
- Coiste Toghcheantair Bhaile an Phoill

### Bunaíodh líon coistí eile chomh maith;

- Coiste Cóiríochta don Lucht Siúil
- Coiste Athchóirithe Chluain Dúin
- Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe

### Ina theannta sin, déantar ionadaíocht don dá Údarás ar roinnt comhlachtaí agus coistí seachtracha;

- Bord Forbartha Contae
- Comh-Árachais Comhairlí Éireann Teo.
- Comhchoiste Draenála Ghail
- Bord Fiontar Contae
- Comhpháirtíocht LEADER
- Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil
- Cumann Údaráis Chathrach na hÉireann
- Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt
- Foireann Forfheidhmithe Ceantair RAPID
- Coiste Gairmoideachais
- Coiste Turasóireachta Chill Chainnigh
- Amharclann Gheata an Uisce
- An Comhlachas Snámha agus Tarrthála
- Fóram Sláinte Réigiúnach - an Deisceart
- Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh





## 2.1 Iompar, Pleanáil Éigeandála, Seirbhísí Corparáideacha agus Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh

Seirbhísí a sholáthraítear faoin Stiúrtóireacht seo;

- Bóithre agus Iompar
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Páirceanna agus Fóntais
- Seirbhísí Dóiteáin
- Bainistíocht Éigeandála
- Cosaint Shibhialta
- Seirbhísí Corparáideacha
- Acmhainní Daonna
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Iniúchadh Inmheánach
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Réimse fairsing seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh



## Bóithre agus Iompar

### Scéim Lár-Rochtana Chill Chainnigh

D'fhaomh an Bord Pleanála tograí na Scéime Lár-Rochtana i Nollaig 2011. Cuireadh tús le fiosrú suímh trí dhruileáil tollpholl ar gach taobh de bhruach na habhann agus cuireadh tús, freisin, le fiosrúcháin ar an mbail a bhí ar an talamh in 2012.

Cuireadh dearadh sonrath an droichid agus na bóithre a bhí ag teacht faoin dhéin, go mór chun cinn. Rinneadh fógraí iontrála a sheirbheáil ar úinéirí maoinne go luath sa bhliain. Tá an clár reatha dírithe ar thairiscint príomhchonartha go déanach in 2013, féachaint chun tús a chur le tógáil i lár 2014.



### Scéim Feabhsaithe Cuarbhóthair an N10/N76

I rith 2012, cuireadh i gcrích atógáil cosáin, athdhromchlú bóthair agus duchtú leathanbhanda idir Timpeallán Bhóthar Challainn agus Timpeallán Bhóthar an Tondais. Tugadh isteach bealaí isteach agus amach dhá láná nois ar an bhfad iomlán den Chuarbhóthar, agus méadaíonn seo an cumas iompar tráichta agus na gnéithe um shábháilteacht ar bhóithre. Cuireadh tús leis na hoibreacha i ráithe 4 2011, agus tugadh chun críche iad i Lúnasa 2012. Tá cosáin/raonta rothar agus soilsiú nua poiblí á soláthar nois ag Comhairle Contae Chill Chainnigh feadh na stráice atógtha, agus mar chuid de na hoibreacha seo, leagfar cosán agus raon rothar feadh an fhaid iomlán 8km den Chuarbhóthar. Ina theannta sin, cuireadh scéim nua comharthaíochta i bhfeidhm feadh fad iomlán an Chuarbhóthair, agus tá na huimhreacha aitheantais ar gach ceann de na 10 dtimpeallán ina ngné uathúil de na hoibreacha seo.



### N77/N78 Chrosaire Hennebry

Tar éis pleanáil rathúil agus ceannach talún in 2011, bhronn an Chomhairle conradh oibreacha chun timpeallán nua a thógáil i samhradh 2012. Cuireadh tús leis na hoibreacha suímh i Meán Fómhair 2012 agus leanfaidh siad go dtí earrach 2013. Áirítear leis an scéim draenáil, soilsiú nua atá éifeachtach i dtaobh fuinnimh agus bána bus chun freastal ar leanaí áitiúla scoile.

### Tardhroichead Bhóthar an Túir N24 Bhaile an Phoill

Cuireadh an Réamhdhearadh agus glacadh sonraí talún do sholáthar tardhroichid agus leagan amach athbhreithnithe bóthair ag acomhail Bhóthar an Túir agus an Bhuidéil Dúigh ar an N24.

### Síneadh an Chuarbhóthair Thuaidh agus Trasbhealach Abhainn na Feoire

(N77 Bhóthar Chaisleán an Chomair go dtí R693 Bhóthar Achadh Úr). Is éard a bhí i gceist leis an scéim seo síneadh Chuarbhóthair Chill Chainnigh chun nasc a dhéanamh le Bóthar Achadh Úr trí dhroichead nua agus 1.5km de bhóthar nua. In 2012, dhearbhaigh an Bord Pleanála gur ghá tabhairt faoi Ráiteas Tionchair Timpeallachta ar an Scéim. Chuirge seo, rinneadh Comhairligh a choimisiúnú chun tabhairt faoin RTT, Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáiliú CPO. Tá tuarascáil um roghnú bealaigh réitithe nois agus rinneadh dréachtRTT a chur i gcrích den chuid is mó. Is faoi Chomhairle Contae Chill Chainnigh nois an cinneadh a dhéanamh cibé acu chun an scéim a chur chun cinn níos mó nó gan amhlaidh a dhéanamh agus chun gabháil tríd an bpróiseas reachtúil.



Soláthraíodh pointí iontrála agus amach dhá láná timpeallán ar an stráice iomlán de chuarbhóthar an N10/N76

### Scéim Feabhsaithe Bhóthair R697 Cheanannais

Tá an nasc seo le Cathair Chill Chainnigh ón gCuarbhóthar an t-aon chuarbhóthar isteach sa Chathair nach ndearnadh a athlínú. In 2012, rinneadh idirghabháil le húnéirí talún agus rinneadh tógáil luath oibreacha cóiríochta. Rinneadh an scéim iomlán a chur ar tairiscint go déanach i 2012 agus tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh chuig céim na tógála in earrach 2013.



*Tar éis pleanáil rathúil agus ceannach talún in 2011, bhronn an Chomhairle conradh oibreacha chun timpeallán nua a thógáil ag Crosaire Hennebry i samhradh 2012.*

## Scéim Athlínithe Bhóthar N25 Phort Láirge-an Ghleanna Mhoir

I ndiaidh chríochnú na n-oibreacha seandálaíochta agus fiosraithe talún in 2011, rinneadh breis oibre ar roghnú bealaigh, anailís tráchta agus costas chun sochair an mheasúnaithe in 2012. Tá an scéim anois ar stad tar éis treoir a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

## N77 Bhaile na Slí

Chabhraigh an cúnadh deontais a sholáthar an DoTTS le ceannach rathúil talún go déanach in 2012. Anuas air sin, rinneadh cáipéisí conartha don chéim thógála a réiteach. Leanfaidh an Chomhairle le teagmháil a dhéanamh leis an NRA maidir le breis dul chun cinn na scéime.

## Scéim Feabhsaithe na Sráide Airde

Go déanach in 2012, d'fhaomh Fáilte Éireann pacáiste cistithe le haghaidh an tionscadail 'Medieval Mile' i gCathair Chill Chainnigh. Áirítear leis an bhfaomhadh seo cúnadh airgeadais i dtreo uasghrádú na Sráide Airde a bheidh le déanamh thar roinnt céimeanna a fhad le 2014. Cuireadh tús leis an obair ar an tsráid go déanach in 2012 ar sheirbhísí fothalún agus ar dhuchtú leathanbhanda do bhraislí gnó.

## Scéim Leathnaithe Droichid na Gráinsí

Tá an droichead lonnaithe 2 mhíle ó Bhéal Átha Ragad ar Bhóthar Bhéal Átha Ragad-Achadh Úr. Is éard a bhí i gceist leis an scéim struchtúr reatha saoirseachta stua singil a bhí lochtach i dtaobh peirspectíochta um shábháilteacht ar bhóithre agus bhí an struchtúr ina chonstaic i leith sreabha tuile san abhainn faoina bhun. Mar chuid de na hoibreacha, rinneadh an droichead a leathnú chun freastal ar ghluaiseacht tráchta sa dá bhealach agus ar oibreacha faoisimh tuile go háitiúil. Cuireadh tús leis an gconradh i mBealtaine 2012 agus osclaíodh an scéim go hoifigiúil i Samhain 2012.

## Droichead Coisithe na Cathrach

Tugadh chun críche an dréachtdearadh agus an tuarascáil reachtúil don droichead nua coisithe ag Cé Eoin, Cill Chainnigh in 2012. Cuireadh tús leis an gceim chomhairliúcháin phoiblí i dtreo dheireadh na bliana agus tugadh chun críche í go luath in 2013. Leanfaidh an scéim ar aghaidh go dtí céim na tógála in 2013.

## Conradh um Chur Suas Comharthaí Bóithre Réigiúnacha

Tugadh chun críche straitéis comharthaíochta, cáipéisí conartha sonraí dearaidh agus cur suas comharthaíochta ar líon Bóithre Réigiúnacha laistigh den Chontae in 2012. Rinneadh seanlónra an N9/N10 a aisfheistiú le comharthaí nua. Bhain an scéim, ar cuireadh tús léi in 2006, conclúid amach.

## Bailte Gníomhacha Taistil

Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cistiú ar fáil faon tionscnamh ar a dtugtar Bailte Gníomhacha Taistil ('Active Travel Towns'). I measc na scéimeanna tairbhíúla bhí droichead coisithe na Cathrach agus staidéar/tuarascáil indéantachta le haghaidh cheantar Phort an Chalaigh. Rinneadh an staidéar/tuarascáil indéantachta le haghaidh cheantar Phort an Chalaigh a thabhairt chun conclúide go déanach in 2012.

## Taisteal Níos Cliste i gCathair agus Purláin Chill Chainnigh

In 2012, rinneadh breis dul chun cinn agus forbartha ar raonta rothar, cosáin agus scáthlín bhus a bhí dírithe ar thimpeallacht oiriúnach a chruthú le haghaidh an aistrithe mhodhnaigh chuig modhanna níos sláintiúla agus níos glaise d'iompar. Tá sé mar chuspóir ag obair chomhoibríteach faoinar tugadh faoi choimirce an Ghrúpa áitiúil Taistil Níos Cliste le feachtas phoiblí níos mó a bhaint amach trí óstáil na n-imeachtaí siúd, ar nós an tSathairn Chliste, seachtainí rothaíochta scoile agus oiliúint rothair le haghaidh leanaí scoile. Ina theannta sin, d'oibrigh an scoil leis the Irish Times/comhpháirtíocht Pfizer i dtionscnamh na mbailte sláintiúla i lár 2012.



*Go déanach in 2012, d'fhaomh Fáilte Éireann pacáiste cistithe le haghaidh an tionscadail 'Medieval Mile' i gCathair Chill Chainnigh.*

Sholáthair an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cistiú i dtreo bealach rothar a sholáthar ar an sean-N19/N10 idir Cill Chainnigh agus Ceatharlach trí Bhaile Phóil. Cuireadh tús le hoiobreacha ar an mbóthar 42km i bhfómhar 2012 agus cuirfear i gcrích iad go luath i samhradh 2013.

## Sábháilteacht ar Bhóithre

Réitigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre Straitéis nua Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre don tréimhse 2013-2020. Thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi deara go ndeachaigh breis agus 300 lá i ndiaidh a chéile thart agus nár cuireadh i dtáifead oiread agus timpiste bhóthair amháin inar maraíodh duine sa chontae. Is éard a bhí mar thoradh air sin, go háirithe, go bhfuil freagracht phearsanta níos mó á glacadh ag tiománaithe ar na bóithre mar aon le comhoibriú gach gníomhaireachta atá bainteach i Sábháilteacht ar Bhóithre le Chéile ('Road Safety Together') i gContae Chill Chainnigh.



Acomhal mhótarbhealach an M8



*Thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi deara go ndeachaigh breis agus 300 lá i ndiaidh a chéile thart agus nár cuireadh i dtáifead oiread agus timpiste bhóthair amháin inar maraíodh duine sa chontae.*

- Ar aon dul le bunú na straitéise náisiúnta, d'fhorbair Údarás Áitiúla Chill Chainnigh, i gcomhairliúchán leis an nGarda Síochána, Seirbhís Otharchairr, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ionadaithe pobail áitiúil, Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chill Chainnigh 2007-2012.
- Go bunúsach, lorgaíonn an plean seo chun soláthar a dhéanamh do bhunú beartas agus gníomhaíochtaí comhtháite ar leibhéal áitiúil d'fhonn laghdú ar na líonta tuairteanna, básanna agus gortaithe a fhíorú ar bhóithre Chontae Chill Chainnigh.
- Tugadh chun críche athbhreithniú ar Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chill Chainnigh i ráithe 1 in 2011 agus rinneadh athbhreithniú breise air in 2012 ar leibhéal Coiste Beartais Straitéisigh.
- Bhí sé ina chonclúid ó na sonraí a fuarthas don tréimhse ó 2007 go dtí 2009, gur bhain baint amach an chuspóra fhoriomláin, chun laghdú 25% a bhaint amach i gcaitheamh na sé bliana den Phlean maidir le timpistí inar maraíodh agus inar gortaíodh daoine go dona an sprioc amach den chuid ba mhó.
- Anuas air sin, d'éascaigh torthaí an athbhreithnithe agus ceistiú na sonraí cur chuige sprioctha i dtaobh acmhainní a úsáid chun na cuspóirí a bhaint amach a leagtar amach sa plean.



Gairdíní agus Chrannlann Chluain Dúin

## Páirceanna agus Caitheamh Aimsire

Bunaíodh an Rannóg Páirceanna chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chothabháil fóntais chaitheamh aimsire i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh. Ó bunaíodh an Rannóg, soláthraíodh réimse d'fhóntais ardchaighdeán chaitheamh aimsire, lena n-áirítear faichí súgartha, páirceanna agus faichí spóirt. Sa bhreis air sin, tá an Rannóg freagrach as forbairtí leanúnacha, bainistíocht cuairteoirí agus as cothabháil Ghairdíní agus Chrannlann Chluain Dúin in Inis Tíog, a bhfuil mórdhíol spéise do thurasóirí déanta de san Oirdheisceart.

Is iad na croísheirbhísí a sholáthraítear:

- Forbairt agus cothabháil faichí súgartha – tá againn faoi láthair sé fhaiche súgartha dhéag timpeall an chontae agus tá trí cinn eile á bhforbairt agus tá coinne leis go gcuirfear i gcrích iad in 2013.
- Forbraíodh na háiseanna súgartha seo i gcomhar le pobail áitiúla agus déantar go leor díobh a chothabháil le cúnaimh ó phobail áitiúla agus le scéimeanna FÁS.

- Déanann ár gcigire intí faiche súgartha gach faiche súgartha a scrúdú gach seachtain chun aon saincheisteanna féideartha sábháilteachta a shainaithint, agus déantar iad a ghlanadh chomh maith gach seachtain nó níos minice ná sin, nuair is gá, lena chinntiú go leanann siad bheith sábháilte agus glan lena n-úsáid i measc leanaí.
- D'fhorbair an Rannóg Páirceanna líon páirceanna cathrach, agus i measc na gceann ba dhéanaí a forbraíodh in 2012 bhí athfhorbairt Shiúlóid na Leacan a chruthaíonn cuid de Pháirc Líneach Abhainn na Feoire a osclaíodh go hoifigiúil.



*Rinneadh feabhsú cuimsitheach ar an bhfaiche ag Garraí an Chrainn trí ghaineamh a scaipeadh agus trí shíolta a chur athuair i samhradh 2012*



Gairdín agus Crannlann Chluain Dúin

- Déanann an Rannóg Riasc na Páirce Nua sa chathair a chothabháil agus d’fhorbair siad líonraí breise cosáin agus cur fairsing crann anseo.
- Ina theannta sin, tugadh faoi obair chun raon siúil/reatha a fhorbairt i nDiméin an Easpaig in aice Ionad an Athar Mac Craith mar aon le halla gleacaíochta faoin spéir a bhunú.
- Tá áis um léasú faiche á hoibriú ar líon faichí sa chathair agus sna purláin. Déantar na faichí seo a léasú le clubanna ar mhaithe le traenáil agus le cluichí.
- Tá an dealramh air go bhfuil an-tóir ar na faichí beaga uile-aimsire ar féidir leas saor in aisce a bhaint astu ag tráth ar bith ag an bPáirc Nua, Garraí an Chrainn agus Diméin an Easpaig.
- Rinneadh feabhsú cuimsitheach ar an bhfaiche ag Garraí an Chrainn trí ghaineamh a scaipeadh agus trí shíolta a chur athuair i samhradh 2012 go mbeifí in ann cluichí a imirt orthu do shéasúr 2013.
- Tionscadal Ghairdíní Chluain Dúin – Ó rinneadh na gairdíní stairiúla Victoiriacha ag Cluain Dúin a athchóiriú le deich mbliana anuas, rinneadh mórcheann scríbe do thurasóirí astu san oirdheisceart agus meallann siad anois thart ar 35,000 cuairteoir sa bhliain. Leanann an Chomhairle le himeachtaí a eagrú, cuairteoirí a chothú agus a bhainistiú a thagann a fhad leis na gairdíní, anuas ar thabhairt faoi chothabháil ardchaihdeáin. I measc na n-áiseanna a cuireadh leis an suíomh tá faiche súgartha do leanaí agus Seomra Tae. Rinneadh geamaireacht faoin spéir a bhí an-rathúil a óstáil sna gairdíní mar aon le líon imeachtaí eile ar nós rith 10km, díolacháin phlandaí. Anuas air sin, tá an-tóir ag teacht ar Chluain Dúin le haghaidh searmanais sibhialta agus in 2012, bhí Cluain Dúin ina n-óstach ar líon póstaí le haghaidh lánúineacha dá lá mór.



*Fuair breis agus nócha grúpa cúnamh deontais fóntais in 2012.*

- Riarachán Deontais Fóntais – déanann an Rannóg Páirceanna an Scéim Deontais Fóntais a riar. Tá fáil ar na deontais ag eagraíochtaí deonacha pobail chun feabhas a chur ar fhóntais áitiúla nó chun iad a chothabháil. Fuair breis agus nócha grúpa cúnamh deontais in 2012.





Trúpa gasóg Bhéavair  
Fortgrange ag foghlaim  
faoi shábháilteacht  
dóiteáin

## Seirbhísí Dóiteáin

Is iad príomhfheidhmeanna Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrhála Chill Chainnigh:

- cumhdach éigeandála a sholáthar do gach saghas teagmhas (dóiteáin, timpistí tráchta ar bhóithre, tuile, doirteadh ola, teagmhais cheimiceán ghuaiseacha, etc.) i gContae Chill Chainnigh.
- sábháilteacht dóiteáin áitreabh poiblí a chinntiú trí chomhairle a sholáthar agus tríd an reachtaíocht chuí a fhorfheidhmiú d'áitribh nua agus reatha.
- comhairle agus oideachas a chur ar an bpobal ar ábhair um shábháilteacht dóiteáin.

## Freagairt Teagmhais

Achoimre atá sa mhéid a leanas ar ghníomhaíochtaí in 2012:

Teagmhas	Iomlán
Líon na ndóiteáin ar ar freastalaíodh	264
Timpistí Tráchta ar Bhóithre	93
Tuile	21
Tarrháil/Baint daoine ó uisce	3
Tarrháil eile neamhdhóiteáin	5
Substaintí Guaiseacha á n-iompar	0
Ilghnéitheach	174
Rabhaidh bhréige, mailís	12
Rabhaidh bhréige, dea-chuspóir	89
<b>Iomlán</b>	<b>661</b>

Is ionann seo agus laghdú 725 teagmhas i gcomparáid le 2011. B'ionann an meánam chun na hinnill dóiteáin a thabhairt i láthair agus 6 nóiméad agus 45 soicind i gcás dóiteán agus 6 nóiméad agus 58 soicind i gcás gach saghas eile teagmhas.

## Tionscadail Chaipitiúla

- Ordaíodh inneall nua dóiteáin le haghaidh Bhriogáid Dóiteáin Chill Chainnigh faoi Bheartas nua Soláthair Réigiúnaigh. Déanfaidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil costais €320,000 a chistiú.

## Teastais um Shábháilteacht Dóiteáin

- Fuarthas 73 iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht dóiteáin in 2012. Dhéileáil an fhoireann um chosc dóiteáin leis na hiarratais seo ar bhonn intí.

## Acht na Seirbhísí Dóiteáin

- Thug an fhoireann um Chosc Dóiteáin líon suntasach cuairteanna ar áitribh ar mhaithe le comhairle a sholáthar agus le reachtaíocht a fhorfheidhmiú.
- Seirbheáladh fógraí dúnta ar 2 áitreabh i rith na bliana.
- Leanadh leis an gclár chun díriú ar shábháilteacht dóiteáin in áitribh mhóra mhiondíola, agus tugadh cuairt ar líon áitreabh. Tabharfar an clár seo i gcrích in 2013.



Comhdháil Eorpach Dóiteáin an ARUP i gCill Chainnigh



Prómhoide Scoil na Toirbhirte, Shane Hallahan agus teicnící um shábháilteacht dóiteáin á léiriú aige le linn Chlár Bunscoileanna 2012

## Sábháilteacht Dóiteáin Phobail

- Sholáthair pearsanra na Seirbhísí Dóiteáin Clár na mBunscoileanna 2012. Is é cuspóir an chláir chun feasacht a mhúscailt ar shábháilteacht ó dhóiteáin i measc leanaí bunscoile agus a dteaghlach. Déantar an clár seo a sheachadadh do leanaí sa trú rang i ngach bunscoil i gContae Chill Chainnigh.
- Lean Stáisiún Dóiteáin Chill Chainnigh agus stáisiúin eile dóiteáin na cuairteanna ar scoileanna a éascú.

## Tiomsú Airgid Deonach

- Ghlac fir mhúcra dóiteáin agus pearsanra otharchairr páirt i mBailiú Carthanachta na Nollaig atá anois ina imeacht bliantúil, agus chabhraigh na cistí a tiomsaíodh le dhá charthanacht áitiúla. Ina theannta sin, thiomsaigh na fir mhúcra dóiteáin cistí i gcaitheamh dheireadh seachtaine Saoire Bainc na Bealtaine le Dreapadh Dhréimire Shliabh Everest.

## Dámhachtainí Fadseirbhíse

- Bronnadh Dámhachtainí Fadseirbhíse ar 12 chomhalta de Sheirbhís Dóiteáin Chill Chainnigh as ucht 20 nó 30 bliain seirbhíse. Bhí an searmanas bronnta ar siúl ag Óstán Moran an Red Cow i mBaile Átha Cliath.

## Bainistíocht Móréigeandála

- Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar Phlean Móréigeandála na Comhairle Contae faoi dhó le linn 2012.
- Bhí trí fhoras ag an gContae a thagann faoi chuimsiú Rialacháin Seveso mar gheall ar mhéid agus saghas na n-earraí a stóráiltear ann. As na trí shuíomh seo, cruthaíodh Plean Éigeandála Seachtraí amháin agus rinneadh an plean a thástáil i gcaitheamh 2012. Don dara suíomh, cruthaíodh plean in 2012 agus tá sé sceidealaithe le bheith tástáilte in 2013. Bhí plean i bhfeidhm cheana féin sa trú suíomh a bhí tástáilte ó 2011 i leith. Rinneadh an obair seo a sheachadadh i gcomhoibriú le FSS agus an Garda Síochána.
- Réitigh an Chomhairle Contae Plean Truailithe Cósta do chladaigh taoide an Chontae i gcomhoibriú leis na hÚdaráis eile Áitiúla agus Chalafoirt in Inbhear na Siúire/na Bearú. D'fhaomh Garda Cósta na hÉireann an plean; cruthóidh an plean seo an cnámh droma anois d'aon fhreagairt ar éigeandáil truailithe cósta in Inbhear na Siúire/na Bearú.
- Cuireadh oiliúint chuimsitheach ar fhoireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh, Fheidmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ar bhaill an Gharda Síochána maidir le Bainistíocht Móréigeandála.



*Sholáthair pearsanra na Seirbhísí Dóiteáin Clár um Shábháilteacht ó Dhóiteáin 2012 na mBunscoileanna.*



Dréimire Fear Múcra Dóiteáin Shliabh Everest Dreapadh Carthanachta



Is é John Doran an chéad iarrthóir riamh chun an clár píolótach taithí oibre seo a chríochnú in KFRS. Sháraigh John gach a rabhtas ag súil leis agus is féidir leis tabhairt faoi roinnt druileanna caidéalaithe earcaíochta le cruinneas gan stró. Tá súil ag an KFRS dhá Chlár a reáchtáil gach bliain chun ionad oibre dearfach agus uile-chuimsitheach a chur chun cinn.



## Cosaint Shibhialta

Eagraíocht bunaithe ar oibríthe deonacha iad Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh ina bhfuil bród ar a mbaill seirbheáil mar eagraíocht ardchaighdeán seirbhíse cúnta a thacaíonn leis na príomhsheirbhísí éigeandála agus leis an bpobal áitiúil. Is príomh-chomhpháirtí iad Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh i bhfreagairt na nÚdarás Áitiúil ar Mhóréigeandáil.

### Imeachtaí Pobail

- Le linn 2012, sholáthair Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh cúnamh do bhreis agus 18 n-imeacht pobail idir giomcána agus blitz iomaíochtaí agus teacht abhaile.
- Chuir freagróirí agus cleachtóirí a bhí go hiomlán oilte cóir leighis ar aon duine ónar theastaigh cóireáil ag na himeachtaí.

### Oiliúint

- Oibríonn Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh oiliúint ilscileanna ina dhá ionad oiliúna atá lonnaithe laistigh de Chathair Chill Chainnigh. Tá na limistéir oiliúna roinnte i measc an mhéid a leanas;
- Timpistí agus Éigeandáil/seirbhís gharchabhrach
- Tarrháil – cuardach fairsinge agus cuardach agus aisghabháil abhainnbhunaithe
- Seirbhís chúnta dóiteáin
- Seirbhís leasa
- Cumarsáid um Chosaint Shibhialta

In 2012, bronnadh teastais ar 20 oibrí deonach mar gheall ar chúrsaí a críochnaíodh sna hábhair a leanas

- Oibreoirí raidió
- Liagóir bád innill
- Cairdiach agus éigeandáil chéad fhreagróra
- Feasacht ar chosaint leanaí
- Modhanna teagaisc
- Mearfhreagróir Uisce/Tuille Tús Áite d’Uisce agus feasacht ar uisce

### Rannpháirtíocht i gCleachtais Éigeandála

- Ghlac Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh páirt sa Fhreagairt Réigiúnach um Chosaint Shibhialta ar an Iarnród Aclaíochta i gCeatharlach.
- Bhí breis agus 150 Oibrí Deonacha Cosanta Sibhialta páirteach sa chleachtas a ghníomhaigh mar thaismigh agus freagróirí don chleachtadh oiliúna réigiúnaí Bainistíochta Móréigeandála, an ceann is mó dá shamhail in Éirinn le roinnt mhaith blianta anuas.



*In 2012, bronnadh deimhnithe um Chosaint Shibhialta ar 20 oibrí deonach.*



*Ghlac Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh páirt sa Fhreagairt Réigiúnach um Chosaint Shibhialta ar an Iarnród Aclaíochta i gCeatharlach.*



## Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach as soláthar agus bainistíocht réimse an-fhairsing seirbhísí, lena n-áirítear tacaíocht agus riarachán ball tofa, cruinnithe na Comhairle Contae, bainistíocht foirgneamh agus áiseanna, clár na dtoghthóirí agus na n-árachas.

### Clár na dToghthóirí

Foilsítear an Clár Bliantúil an 1 Feabhra gach bliain agus is éard atá i gceist leis ná liosta de gach duine 18 mbliana d'aois nó níos sine, a chónaíonn sa stát, atá i dteideal vóta a chaitheamh i dToghcháin na Dála, Thionól na hEorpa, an Uachtaráin, toghcháin áitiúla agus i reifrinn.

Toghcheantar Áitiúil	Líon na dToghthóirí ar an gClár
Béal Átha Ragad	12,924
Callainn	10,456
Cill Chainnigh	3,754
Cathair Chill Chainnigh	13,813
Baile an Phoill	16,619
Baile Mhic Andáin	11,355
<b>Iomlán</b>	<b>68,921</b>

- Tá fáil ar an dréachtchlár in oifigí poist, leabharlanna agus i stáisiúin Ghardaí a chuireann an deis ar fáil do dhaoine lena sheiceáil cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad san áireamh ar an gclár.
- A website is also available for this purpose [www.checktheregister.ie](http://www.checktheregister.ie)
- Féadfaidh duine nach bhfuil san áireamh ar an gclár foilsithe, pé cúis is leis, nó duine a bhog ó sheoladh amháin go seoladh eile, iarratas a dhéanamh go gcuirfear san áireamh ar fhorlónadh leis an gclár.



## Acmhainní Daonna

Déileálann an Rannóg Acmhainní Daonna leis an méid a leanas:

- An Straitéis Acmhainní Daonna
- Pleanáil an lucht saothair
- Earcaíocht agus roghnú
- Párolla agus aoisliúntas
- Oiliúint agus forbairt fostaithe
- Bainistíocht feidhmíochta
- Forbairt ceannaireachta
- Combhionannas
- Bainistíocht éagsúlachta
- Cothromaíocht oibre is saoil
- Caidreamh tionsclaíoch
- Sláinte, sábháilteacht agus leas fostaithe



Mar chuid de go leor d'obair na Rannóige Acmhainní Daonna in 2012, bhí cabhrú leis an gclár leasaithe le haghaidh na hearnála rialtais áitiúil agus i bplean gníomhaíochta na comhairle faoin gComhaontú Seirbhíse Poiblí.

B'ionann a leanas na príomhéachtaí i mBliain 3 den Chomhaontú:

### Athstruchtúrú

- Leantar le seirbhísí a sheachadadh ar ardleibhéal in ainneoin na lagduithe suntasacha ar líonta foirne – laghdaíodh líonta soláthar foirne Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh faoi 160 (21%) ó Nollaig 2008.
- Chomhoibrigh an Chomhairle le bunú Irish Water trí chríochnú torthaí cuí sonraí, le bunú ceann de na hOifigí Réigiúnacha Aistrithe a chur faoi chomhurrús agus le réitigh a dhéanamh don Suirbhé ar Mhéadrú Baile
- De bhun athstruchtúrú uisce/fuólluisce ar thug feighlithe faoi i bhfómhar 2011, thug an Chomhairle méaduithe suntasacha táirgiúlachta faoi deara ó speisialtacht feighlithe idir oibríochtaí seirbhísí uisce agus fuólluisce. Is léir seo ó fheasbhsacháin leanúnacha bliain ar bhliain maidir le leibhéal chomhlíonta a bhaint amach le haghaidh Caighdeáin Uisce Óil agus Astuithe Sceite Fuólluisce.
- Lean an tseirbhís leabharlainne le hoibriú, cothabháil agus seachadadh seirbhíse a mhéadú/a fheabhsú le hoscailt pointe nua seirbhíse le haghaidh Chill Chainnigh Theas ag Leabharlann Phort an Chalaidh le linn na tréimhse.
- Cuireadh tús le réiteach Plean nua Lucht Saothair.



*Leantar le seirbhísí a sheachadadh ar ardleibhéal in ainneoin na lagduithe ar líonta soláthar foirne.*

*Soláthraíodh Comhsheirbhís Tréidliachta idir Comhairle Contae Cheatharlach agus Chill Chainnigh agus foráiltear go bhfuil Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Cheatharlach agus Chill Chainnigh agus foráiltear go bhfuil Comhairle Contae Chill Chainnigh freagrach as feidhmeanna reachtúla um shábháilteacht bhia i gContae Cheatharlach.*

## Comhsheirbhísí

- Soláthraíodh Comhsheirbhís Tréidliachta idir Comhairle Contae Cheatharlach agus Chill Chainnigh agus foráiltear go bhfuil Comhairle Contae Chill Chainnigh freagrach as feidhmeanna reachtúla um shábháilteacht bhia i gContae Cheatharlach.
- Shínigh Comhairle Contae Chill Chainnigh, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge, Comhairle Contae Loch Garman, Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas agus Comhairle Contae Cheatharlach, conradh soilsithe phoiblí 3 bliana le Réitigh Fónais Airtricity le haghaidh stoc 47,000 solas poiblí ar fud Réigiún an Oirdheiscirt. Tá Údarás Áitiúla Chill Chainnigh freagrach as 10,200 solas agus is ionann na coigiltí ionchasacha bliantúla ar chostais chothabhála agus €20,000.
- Cás gnó a fhorbairt le haghaidh faomhadh grúpaí maoirseachta de chuid Comhaontú Seirbhíse Poiblí (PSA) do Chomhsheirbhísí Bainistíochta Cistíochta.
- Cás gnó a fhorbairt le haghaidh faomhadh grúpaí maoirseachta do Chomhsheirbhísí Meán Sóisialta.
- Rannpháirtíocht fhoireann na Comhairle sa Ghrúpa Oifige Bainistíochta Tionscadal agus tacú leis an nGrúpa céanna agus leis an ngrúpa athbhreithnithe éifeachtachta rialtais áitiúil i bhforbairt comhsheirbhísí don earnáil.
- Rannpháirtíocht i dtionscnamh an BPI le haghaidh an rialtais áitiúil – cuntais iníochta agus bailiú fiachais.
- D'iontráil seirbhís iniúchta inmheánaigh na Comhairle i bhfóram comhoibrítheach leis na hiniúcháirí inmheánacha ó Chomhairlí Cathrach/Contae Loch Garman agus Thiobraid Árann Theas chun cabhrú agus chun tacú le comhghnéithe na hoibre iniúchta.
- Rinneadh an chuid ba mhó de na feidhmeanna bailithe bruscair a aistriú go dtí Comhairle Contae Uíbh Fhailí in Aibreán 2012. Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh le comhoibriú le Comhairle Contae Uíbh Fhailí maidir le sonraí sealbhóirí ceada a bhailíochtú agus le ceadanna a fhorfheidhmiú.
- Comhoibriú leanúnach leis an Oifig Náisiúnta Seoladh Trasteorann Dramhaíola Guaisí ('National Transfrontier Shipment of Hazardous Waste Office') (atá bunaithe i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) i dtaca le seoltaí trasteorann de dhramhaíl ghuaiseach.
- Bhí an Chomhairle mar chathaoirleach ar ghrúpa Plean Truaillithe Cósta Inbhear na Siúire, a bhfuil sé de chuspóir acu Plean uileghabhálach Truaillithe Cósta a thabhairt chun críche d'Inbhear na Siúire in 2013, a chinnteoidh freagairt chomhordaithe i leith tarlú truaillíú cósta.
- Leanann an Chomhairle le comhoibriú go dlúth leis an DAFM (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí) maidir le tabhairt faoi iniúchtaí feirme agus neamhchomhlíonadh a thrastuairiscíú leis an DAFM ag feirmeoirí i ndáil le reachtaíocht um cháilíocht uisce. Tugann an DAFM faoi thart ar 50 iniúchadh feirme gach bliain ar son Chomhairle Contae Chill Chainnigh.
- Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh le húsáid a bhaint as Saotharlann Réigiúnach na Gnómháireachta um Chaomhnú Comhshaoil i gCill Chainnigh chun sampláil agus anailís a dhéanamh maidir lena gclár reachtúil monatóireachta abhann, agus sampláil agus anailís eile de réir mar a theastaíonn.
- I gcomhar le Comhairle Contae Cheatharlach, leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh lena bhfoscadh madraí a oibriú, atá lonnaithe i mBaile Phóil.
- Rinneadh measúnú ar an bPlean reatha Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Oirdheiscirt (2006-2011) in 2012, agus ba é Tiobraid Árann Theas an t-údarás ceannais agus ba iad Comhairle Contae Chill Chainnigh ceann de na hÚdaráis tacaíochta. Tabharfar faoi phlean nua le haghaidh réigiún méadaithe in 2013.



*Leanann an Chomhairle le comhoibriú go dlúth leis an DAFM (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí) maidir le tabhairt faoi iniúchtaí feirme agus crostuairiscíú leis an DAFM i dtaca le neamhchomhlíonadh i measc feirmeoirí leis an reachtaíocht um cháilíocht an uisce. Tugann an DAFM faoi thart ar 50 iniúchadh feirme gach bliain ar son Chomhairle Contae Chill Chainnigh.*



*Tá leabharlann idirghníomhach ar líne á forbairt ag Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh trí [www.kilkennylibrary.ie](http://www.kilkennylibrary.ie), a bheidh ar fáil 24/7, a chuireann acmhainní ar fáil do lucht leanúna níos fairsinge agus seirbhísí agus bailiúcháin a chur chun cinn i gcomhthráth. Déanann seo na meáin shóisialta a chorprú.*

- Leanann Comhairlí Contae agus Bhuirg Chill Chainnigh chun comhsheirbhísí a chur ar fáil in go leor limistéar, lena n-áirítear pleanáil, tithíocht, airgeadas, corparáideach, acmhainní daonna, párolla/pinsin, an comhshaol, páirceanna agus caitheamh aimsire, agus forbairt oidhreachta agus an phobail.

## Soláthar

Leanann an tAonad Soláthair le coigiltí a bhaint amach maidir le soláthar earraí agus seirbhísí i ngníomhaíochtaí féin na gComhairlí agus i gcomhghníomhaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla eile.

- Rinneadh an tsuim €1.1m a choigilt in 2012.
- Cuimsítear gníomhaíochtaí an Aonaid Soláthair i mír na Forbartha Geilleagraí den tuarascáil bhliantúil seo.

## Ríomhrialtas

- Tá leabharlann idirghníomhach ar líne á forbairt ag Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh trí [www.kilkennylibrary.ie](http://www.kilkennylibrary.ie), a bheidh ar fáil 24/7, a chuireann acmhainní ar fáil do lucht leanúna níos fairsinge agus seirbhísí agus bailiúcháin a chur chun cinn i gcomhthráth. Déanann seo na meáin shóisialta a chorprú.
- Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'fhorbair an tseirbhís leabharlainne láithreach ar Facebook.
- Seoladh seirbhís ríomh-Chlosleabhair, One Click Digital, i Nollaig, aon tráth, aon áit, trí [www.kilkennylibrary.ie](http://www.kilkennylibrary.ie) agus leas á bhaint as fearas iniompartha, e.g. ríomhaire glúine, iPad, iGuthán, guthán Android, seinnteoir MP3 etc. Tá ag bail na leabharlainne rochtain ar na céadta teideal iníoslódáilte, agus cuirtear teidil nua leo gach mí.
- D'fheabhsaigh úsáid FRID féinseirbhíse ag Leabharlann Phort an Chalaigh a osclaíodh le déanaí an seachadadh seirbhíse le haghaidh mhuintir an phobail.
- D'fhonn an t-am a chaitheann an fhoireann ar phróiseáil theicniúil, soláthraítear leabhair/earraí leabharlainne go hiomlán próiseáilte le taifid leictreonacha chatalóige san áit is féidir
- Maidir leis an tionscadal – Eisiúint Faisnéise um Cháilíocht Uisce le Grúpscéimeanna Uisce, a bhain gradam náisiúnta amach, cuireadh i bhfeidhm na nithe insoláthartha de chuid chéim a haon agus d'fheabhsaigh siad go mór éifeachtúlacht agus éifeachtacht sholáthar na seirbhíse monatóireachta um cháilíocht uisce agus d'fheabhsaigh siad déanamh cinntí

## Táirgiúlacht agus Feidhmíocht

- Rinneadh tacaíocht shuntasach gnó agus turasóireachta a thuairisciú agus cuimsítear iad áiteanna eile sa tuarascáil seo.

Ina theannta sin, baineadh amach na bearta a leanas chomh maith:

- Oscailt na leabharlainne nua i bPort an Chalaigh.
- Baineadh leas ní b'fhearr as acmhainní d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht an tsocráithe glantacháin le haghaidh Chathair Chill Chainnigh. Is éard a bhí mar thoradh air seo ná gur baineadh amach an chéad áit i suirbhé IBAL agus ardáit eile amach i ngradaim bhliantúla na mBailte Slachtmhara.
- Tá Córas cuimsitheach Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta á chur i bhfeidhm agus tugtar sonraí air seo i mír eile sa tuarascáil.
- D'eagraigh Comhairle Contae Chill Chainnigh 'Glasú Thaispeántas Uíbh Eirc'. Tá Taispeántas Uíbh Eirc ar cheann de na taispeántais talmhaíochta is sine sa tír agus



*Oscailt na leabharlainne nua i bPort an Chalaigh*

reáchtáiltear é i gcomhar le Comhairle Contae Chill Chainnigh agus leis na hOifigigh um Fheasacht ar an gComhshaol san Oirdheisceart chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil an Taispeántais. Thug an GCC tacaíocht airgeadais don tionscadal. Ainmníodh an tionscadal le haghaidh dhámhachtain Sármhaitheasa Chomhlachas Tráchtála na hÉireann.



Áis Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir

- Bhí Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir i measc na 3 ionad a cuireadh ar ghearrliosta go náisiúnta le haghaidh Ghradaim Repak Ionad Athchúrsála na Bliana.
- Bunaíodh Aonaid Riaráistí Morgáiste. Laghdaíodh cásanna riaráistí morgáiste anuas ó 465 go dtí 343 sa tréimhse.
- Cuireadh leis an bpróiseas réitigh Riaráistí Morgáiste go náisiúnta agus cuireadh an próiseas i bhfeidhm in Údarás Áitiúla Chill Chainnigh.
- Bailiú leanúnach sreabha nua ioncaim (clárúcháin umar seipteach, muirear teaghlaigh agus NPPR) laistigh de na leibhéil reatha soláthar foirne.
- Aonad Gnó na Muirear Uisce – rinne an tAonad dul chun cinn leanúnach maidir le rátaí bailithe muirir uisce. Leis an gcomhthéacs a chruthú, b'ionann leibhéil bhailithe in 2010 agus 58%, ar tháinig méadú orthu go dtí 75% faoi dheireadh 2011 agus a méadaíodh go dtí 82% faoin 31 Nollaig 2012.
- Córas nua cánach conarthaí ábhartha uasghrádaithe a chur i bhfeidhm.
- CBL a chur i bhfeidhm ar thionscadal caiteachais.
- Rannpháirtíocht i gceardlann bhonnline agus i gceardlann treoirphlean mar chuid den phróiseas BPI le haghaidh an Rialtais Áitiúil faoina dtugtar i dtaca le sonrascú agus an limistéar bainistíochta fiachais.
- Rinneadh socrúithe caighdeánaithe saoire bliantúla a chur i bhfeidhm do gach fostaí.
- Tá soláthar ama agus freastal leictreonach ar bun agus déanfar an córas a shuiteáil d'fhormhór na nOifigeach Ceantair agus na mbrainsí leabharlainne sa tréimhse reatha tuairiscithe.
- Chabhraigh Comhairle Contae Chill Chainnigh leis an Roinn Comhshaoil ina n-athbhreithniú ar liúntais.
- Rinneadh an próiseas IR maidir le líon bearta éifeachtúlachta sa tSeirbhís Dóiteáin a thabhairt chun deiridh agus tá na bearta á gcur i bhfeidhm.
- Leantar le roinnt scéimeanna um chothromaíocht oibre is saoil a chur i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm réamhphleanáilte i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann agus aird ar an ngá le cothromaíocht a bhaint amach idir an chothromaíocht oibre is saoil a lorg gach fostaí agus na líonta laghdaithe foirne agus na coigiltí airgeadais a fhabhraítear don eagraíocht.
- Rinneadh córas feidhmíochta agus forbartha na hEarnála a athsheoladh i measc gráid bhainistíochta sinsearaí agus tabharfar isteach é d'fhostaithe eile in 2013.
- Trí chur i bhfeidhm bearta éagsúla feabhsaithe bóthair, tionscnamh taisteal níos cliste agus cur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre, baineadh amach laghdú 43% ar thimpistí tromchúiseacha bóithre agus inar maraíodh daoine seachas an sprioclaghdú 25%.

## Ath-implonú

- Ath-implonú na foirne chuig leabharlann nua i bPort an Chalaigh
- Rinneadh an Fhoireann Deartha Bóithre a ath-implonú go dtí limistéir eile oibre, lena n-áirítear Bainistíocht Maoine agus Maoirsiú Tionscadal
- Rinneadh an fhoireann phleanála a ath-implonú go dtí Iniúchtaí Tithíochta
- Rinneadh an fhoireann ó Phárolla agus Pleanáil a ath-implonú go dtí oifig cheantair agus go dtí an tAonad Riaráistí Morgáiste
- Ina theannta sin, rinneadh an fhoireann a ath-implonú laistigh de Thithíocht, an Pobal agus an Cultúr agus go dtí an fheidhm Shláinte agus Shábháilteachta.



*In 2012, rinne Iniúchadh Inmheánach 62 moladh don bhainistíocht, glacadh le gach moladh agus cuireadh i bhfeidhm é nó tá na moltaí á gcur i bhfeidhm d'fhonn na rialuithe bainistíochta a fheabhsú.*

## Iniúchadh Inmheánach

Oibríonn an Chomhairle Iniúchadh Inmheánach atá neamhspleách, agus a chinntíonn oibriú éifeachtach na rialuithe airgeadais, bainistíochta agus oibríochtúla sa Chomhairle. Gné ríthábhachtach de chuid rialachas corparáideach atá san aonad.

- Cuireann an tAonad Iniúchta Inmheánaigh tuarascálacha agus uasdátuithe ar fáil don Bhainisteoir Contae agus Cathrach maidir le hoibriú na rialuithe sna Comhairlí Contae agus Buirge.
- Cuirtear tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh faoi bhráid Choiste Iniúchta na Comhairle.
- Fochoiste de Chomhairle ina bhfuil beirt Chomhairleoirí agus triúr saineolaithe seachtracha atá sa Choiste Iniúchta.
- Cuireann an Coiste Iniúchta tuarascáil bhliantúil i dtoll a chéile don Chomhairle maidir lena n-obair agus le rialuithe bainistíochta na Comhairle.
- In 2012, rinne Iniúchadh Inmheánach 62 moladh don bhainistíocht, glacadh le gach moladh agus cuireadh i bhfeidhm é nó tá na moltaí á gcur i bhfeidhm d'fhonn feabhas a chur ar rialuithe bainistíochta.
- In 2012, thacaigh Aonad Iniúchta na Comhairle le feidhm Iniúchta Inmheánaigh an Bhoird Fiontar Contae.
- In 2012, thosaigh Aonad Iniúchta Inmheánaigh Chomhairle Contae Chill Chainnigh ag dlúthoibriú le hAonaid Iniúchta Inmheánaigh Chomhairle Contae Cheatharlach, Thiobraid Árann Theas, Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, agus Chomhairle Contae Loch Garman chun na héifeachtúlachtaí iniúchta a mhéadú san Oirdheisceart.



*Glacadh le 64 Beartas Sláinte agus Sábháilteachta agus forbraíodh teimpléid mheasúnaithe Chineálacha Riosca chun tacú leis na beartais.*

## Sláinte, Sábháilteacht agus Leas Sóisialach ag an Obair

Thug an Chomhairle faoi réimse cuimsitheach gníomhaíochtaí d'fhonn a gCóras Bainistíochta Sábháilteachta a chur i bhfeidhm.

Ba iad na príomh-bhuaicphointí:

- Leithdháileadh breis acmhainní um sholáthar foirne do Shláinte agus Sábháilteacht
- Glacadh le 64 Beartas Sláinte agus Sábháilteachta agus forbraíodh teimpléid mheasúnaithe Chineálacha Riosca chun tacú leis na beartais
- Thionóil an Coiste Bainistíochta Sábháilteachta, an Comhchoiste Comhairleach Sábháilteachta agus na hOifigigh Shábháilteachta Údaráis Áitiúil, agus bhí siad rannpháirteach agus chuaigh siad i gcomhairle ar ábhair shábháilteachta roinnt uaireanta i rith 2012
- Tugadh faoi chlár iniúchtaí sábháilteachta in 2012
- Socraíodh córas rianaithe rialaithe guaise d'fhonn rudaí a thabhairt chun solais óna dteastaíonn aird trí iniúchtaí sábháilteachta, mar aon le measúnuithe riosca, timpistí/teagmhais etc. d'fhonn a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm gníomhartha ceartaithe ar bhealach tráthúil.
- Tugadh faoi dhruileanna dóiteáin agus cuireadh i bhfeidhm bearta bainistíochta garchabhrach
- Rinneadh Clár um fheasacht agus oiliúint ar shábháilteacht a sholáthar don fhoireann
- Leantar le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Sábháilteachta agus ar an Lámhleabhar Sláinte agus Sábháilteachta
- In 2012, b'ann do 9 dtimpiste, agus bhí 3 cinn díobh intuairiscithe don HSA. B'ann do 7 neasteagmhas, agus bhí dhá cheann díobh intuairiscithe don HSA. Rinneadh na



*Rinneadh Clár um fheasacht agus oiliúint ar shábháilteacht a sholáthar don fhoireann.*



*Caitheadh nach mór €600,000 ar Shláinte agus Sábháilteacht in 2012.*



- timpistí/teagmhais seo a thuairisciú agus a fhiosrú i gcomhréir lenár mbeartas bainistíochta timpiste/teagmhais
- Cuireadh clár oibreacha Feabhsaithe ag láithreacha oibre chun cinn
- Caitheadh nach mór €600,000 ar Shláinte agus Sábháilteacht in 2012.



*Rinneadh ról Ghréasán 2.0 agus teicneolaíochtaí eile meán sóisialta a fhairsingiú ar bhonn leanúnach mar bhealach eile chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal. Úsáidtear an sampla is déanaí i bhforbairt pleananna Forbartha Contae agus Cathrach.*

## Teicneolaíocht Faisnéise

Tá Údarás Áitiúla Chill Chainnigh tiomanta d'úsáid córais faisnéise chun éifeachtúlacht agus caighdeán sheachadadh na seirbhíse don phobal a fhairsingiú agus a mhéadú. Tá an Rannóg Seirbhísí Faisnéise i bhfeighil riachtanais Chórais Faisnéise na Comhairle Contae, na Comhairle Buirge agus na Leabharlainne Contae.

### Príomhéachtaí le haghaidh 2012

- Rinneadh ról Ghréasán 2.0 agus teicneolaíochtaí eile meán sóisialta a fhairsingiú ar bhonn leanúnach mar bhealach eile chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal. Úsáidtear an sampla is déanaí i bhforbairt pleananna Forbartha Contae agus Cathrach - <http://ourplan.kilkenny.ie>
- Fairsingiú an líonra TF chun oifig nua cheantair agus leabharlann nua a nascadh i bPort an Chalaigh.
- Tá fáil ar chomhaid scanta phleanála ar líne le haghaidh na Comhairle Contae agus Buirge.
- Rinneadh breisiúcháin agus nuashonruithe leanúnacha ar na láithreáin éagsúla ghréasáin údarás áitiúil.

## 2.2 An Pobal, an Cultúr agus Tithíocht

Is iad na Seirbhísí a sholáthraítear faoin Stiúrtóireacht seo:

- Cóiríocht agus Tacaíochtaí Tithíochta
- Bainistíocht Pobail agus Eastát
- Pleanáil Chun Cinn
- Rialú Pleanála
- Láithreáin Thréigthe
- Caomhnú
- Tacaíocht Bord Forbartha Contae
- Na hEalaíona
- An Oidhreacht
- Seirbhísí Leabharlainne





*Rinne Údarás Áitiúla Chill Chainnigh 4 milliún a fháil agus a liúntas a chaitheamh ar chríochnú 31 aonad agus Ionad Pobail i bPáirc Osraí mar aon leis na 20 aonad i gCnoc na Rós, Bóthar Cheanannais. Úsáideadh an chothromaíocht airgid chun 6 theach inacmhainne nár díoladh a fháil agus a chur sa stoc ag Gráig na Manach.*



*Críochnaíodh 15 aonad ag Bóthar an Nuintis trí chostáil S.O.S 1.6 milliún.*

## Tithíocht agus Cóiríocht

Corpraíonn Stiúrtóireacht na Tithíochta réimse fairsing seirbhísí d'iarratasóirí agus tionóntaí chun soláthar cóiríocht neamhspleách agus thacaithe a eascú agus chun tacú leis.

Baintear seo amach trí réimse tacaíochtaí tithíochta sóisialta a thairiscint ag na hÚdaráis Tithíochta, agus ag an earnáil dheonach agus phríobháideach.

Is iad na Croísheirbhísí Tithíochta:

### Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta [SHIP]

- D'éirigh le hÚdarás Áitiúla Chill Chainnigh 4 milliún a fháil agus a liúntas a chaitheamh ar chríochnú 31 aonad agus Ionad Pobail i bPáirc Osraí mar aon leis na 20 aonad i gCnoc na Rós, Bóthar Cheanannais. Úsáideadh an chothromaíocht airgid chun 6 theach inacmhainne nár díoladh a fháil agus a chur sa stoc ag Gráig na Manach. Leis an leithdháileadh breise, fuair an Chomhairle 11 aonad cóiríochta lena gcur sa stoc.
- Baineadh amach faomhadh na Roinne Comhshaoil le haghaidh scartáil 8 dteach i gClós na Páirce Nua agus le haghaidh bóthar nua rochtana, cosáin agus spás fónais/glas a sholáthar.

### Scéim Cóiríochta Cíos [RAS] agus Léasú

- Caitheadh liúntas €2 milliún ina iomláine.
- Fuair 142 iarratasóir cóiríocht faoin RAS in 2012
- Tugadh faoi 209 agallamh RAS in 2012
- Fuarthas 4 aonad ar an iomlán faoi léasú i gCill Chainnigh le linn 2012.

### Clár Tithíochta Deonaí

- Críochnaíodh 15 aonad ag Bóthar an Nuintis trí chostáil S.O.S 1.6 milliún.
- Tá 2 aonad á dtógáil ag KASHMA
- Thug an Roinn cuireadh d'iarratais faoi 'Gairm Speisialta' i rith 2012 agus faomhadh na hiarratasóirí a leanas:

Líon na	Ainm an Chomhlachta Fhaofa Tithíochta	Faomhadh €
2	Ionad an Good Shepherd, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh. 2 aonad a fháil.	300,000
2	Ionad an Good Shepherd, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh. An Lóiste a athchóiriú chun 2 aonad a sholáthar.	150,000
8	SOS Na Goirt Ghlasa, Cill Chainnigh	445,000
2	Camphill Communities, ag Baile an Tóibínigh, Callainn – tógáil 2 aonad	200,000
14		1,095,000



Soláthraíodh 12 aonad cóiríochta do theaghlaigh an Lucht Siúil.

### Seirbhísí do Dhídeanaithe

- Sholáthair Ionad an Good Shepherd, Tearmann Ban Amber agus FOCUS Ireland cóiríocht dhídeanach agus seirbhísí tacaíochta do dhídeanaigh

Atreorú chuig Seirbhísí Dídeanach an KLA in 2012	
Atreoruithe Dídeanach	159
Atreoruithe Féideartha Dídeanach	48
Cúnamh Tithíochta	56
Leas Tithíochta	23
<b>Iomlán</b>	<b>286</b>

### Clár Cóiríochta don Lucht Siúil

- Rinneadh athbhreithniú ar Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009-2013
- Soláthraíodh 12 aonad cóiríochta do theaghlaigh an Lucht Siúil.
- B'ionann an líon iomlán teaghlach den Lucht Siúil i limistéar an údaráis áitiúil ar dháta an chomhairimh náisiúnta agus 177, ar méadú 22 teaghlach seo ar an mbliain roimhe sin.
- Réitíodh cáipéisí tairisceana don ghrúpscéim tithíochta 11 aonad ag an mBaile Fliuch.
- Sainaitníodh tailte oiriúnacha chun Tionscadal na gCapall a chur chun cinn in 2012.

### Stoc Tithíochta a Choimeád

- Caitheadh an buiséad ina iomláine ar chomhstoc tithíochta 2,098
- Rinneadh 105 aonad a fholmhú in 2012 agus réitíodh 100 d'obh le haghaidh athligin
- Tugadh 25 aonad chun críche faoin gclár 'oibreacha feabhsaithe/aisfheistithe/fuinnimh' mar aon le 10 dteach bhreise mar thoradh ar chistiú breise.
- Oiriúnaíodh 44 teach LA in 2012 chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas.

### Measúnú ar Riachtanais

- 2,852 iarratasóir ar Liosta Tithíochta
- Is mian le 69% d'iarratasóirí cónaí i gCathair agus i bpurláin Chill Chainnigh
- Tá tacaíochtaí tithíochta sóisialta á lorg ag 85% d'iarratasóirí ar chúiseanna airgeadais
- Bhí 1,003 coinne riachtanas tithíochta ar bun in 2012
- 105 folúntas ócáideach
- 42 ligean nua agus 124 ligean breise faoin RAS
- Rinneadh 29 tairiscint um aistriú cóiríochta in 2012

### Iasachtaí Tithíochta

- Rinneadh 54 iarratas ar iasachtaí in 2012 arb ionann iad agus €4,300,350 ar an iomlán
- Tháinig titim ar phraghsanna tithíochta idir 42% agus 50% i gcomparáid le 2007
- Eisíodh 19 n-iasacht bhlianachta de luach €2,175,500
- Íocadh 2 fhuascailt chomhiasachta in 2012



Oiriúnaíodh 44 teach LA in 2012 chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas.



*Caitheadh 1.8 milliún ar an iomlán ar 258 iarratas.*

- Eisíodh 4 iasacht atógála de luach €82,500
- Fuarthas 101 Iarratas faoin dá scéim cheannaigh ag tionóntaí
- Rinne an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe agus an fhoireann inti gach iasacht a ghrinnfhiosrú.

#### **Deontais Tithíochta**

- Caitheadh 1.8 milliún ar an iomlán ar 258 iarratas
- Íocadh 373,000 [20%] ó acmhainní na Comhairle féin agus íocadh an chuid eile mar chúnamh deontais ón Roinn Comhshaoil
- Ar an meán, íocadh €7,173 in aghaidh an iarratais
- Meastar gurbh fhiú 4 milliún na hiarratais ar láimh ag tráth dheireadh na bliana agus b'ionann Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus 52% de líon na n-iarratas
- Socraíodh painéal conraitheoirí agus Teiripeoirí Saothair
- Cóiríocht phríobháideach ar cíos
- Thug an Chomhairle faoi 253 iniúchadh ar chóiríocht phríobháideach ar cíos i rith 2012



*Fuarthas tacaíocht €6,000 le haghaidh Comórtas na nEastát Slachtmhar LA.*

#### **An Pobal agus Seirbhísí Bainistíochta Eastát**

- Fuarthas tacaíocht €6,000 le haghaidh Chomórtas na nEastát Slachtmhar LA.
- B'ionann iomlán na nDeontas Bainistíochta Eastát agus €6,000. Úsáideadh an cúnamh deontais chun trealamh garraíodóireachta, tionscadail tírdhreachta, plandaí agus ábhair gharraíodóireachta, mion-athchóiriú ar eastáit, suiteáil fáilte a chistiú
- Tugadh tacaíocht do 80 coiste gníomhach pobail in 2012.
- Chuathas i gcomhairle le hIonad Acmhainní Teaghlaigh agus Chónaitheoirí na Páirce Nua maidir le scartáil aonad agus spás caitheamh aimsire/fóntais a sholáthar i gClós na Páirce Nua
- Cuireadh oibreacha atógála i gClós na Páirce Nua
- Dhéileáil an tOifigeach Iompair Fhrithshóisialta le breis agus 100 gearán
- Cuireadh ceangal chun cinn leis an bhFóram Pobail agus Deonach agus leis an Scéim Grúpárachais

#### **Scéim Deontais Bhainistíochta Eastát**

- Aithníonn Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh an tábhacht lena mbaineann rannpháirtíocht na gcónaitheoirí agus na dtionóntaí i mbainistíocht eastát agus tiomantas don obair i gcomhpháirtíocht le cónaitheoirí agus le tionóntaí ar eastáit údaráis áitiúil chun bainistíocht eastát a chur chun cinn ina n-eastáit
- Is féidir iarratais a dhéanamh faoin Scéim Deontais Bhainistíochta Eastát, chun cúnamh a thairiscint do choistí pobail údaráis áitiúil i bhforbairt clár bainistíochta eastát
- In 2012, íocadh deontais €35,500 ar an iomlán le 32 eastát ar fud na cathrach agus an chontae



*Tugadh tacaíocht do 80 coiste gníomhach pobail in 2012.*



*Cuireadh tús oifigiúil leis an athbheithniú ar Phlean Forbartha Contae agus Plean Forbartha Cathrach agus Purláin Chill Chainnigh i Meitheamh 2012.*



*Socraíodh láithreán gréasáin tiomanta chun suim a chruthú agus chun soláthar a dhéanamh le haghaidh cur chuige comhoibritheach, nuálaíoch chun na pleananna a dhéanamh; <http://ourplan.kilkenny.ie/>*

## Pleanáil agus Forbairt

Is é ról agus feidhm Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Chill Chainnigh beartas pleanála fisiciúla an Chontae a dheimhniú, chun forbairt agus tógáil nua a rialú agus chun forbairt thionsclaíoch, tráchtála agus inmharthana oiriúnach eile a chur chun cinn.

### Pleanáil Chun Cinn

- Cuireadh tús oifigiúil leis an athbheithniú ar Phlean Forbartha Contae agus Plean Forbartha Cathrach agus Purláin Chill Chainnigh i Meitheamh 2012.
- Tugadh faoi chleachtadh cuimsitheach comhairliúcháin ina raibh baint ag (1) ailt nuachtáin, (2) cruinnithe múscailte feasachta, (3) forbairt láithreán gréasáin, (4) tionscadal bunscoileanna agus (5) tionscadal meánscoileanna.
- D'fhonn feasacht a mhúscailt agus chun breac-chuntas a thabhairt ar na saincheisteanna a bhí i gceist le haghaidh daoine óga, grúpaí agus eagraíochtaí ar spéis leo, foilsíodh cáipéis ar a dtugtar “Ár bPlean – Treoir maidir le do Thuairim Féin a Nochtadh” (‘Our Plan – A Guide to Having Your Say’).
- Bhí deich gcruinniú ar bun le heagraíochtaí a rinne ionadaíocht do ghrúpaí níos fairsinge laistigh den Chontae. Ba é cuspóir na gcruinnithe seo ná chun cleachtadh múscailte feasachta a dhéanamh agus chun na comhlachtaí ionadaíocha ar leith seo a spreagadh chun breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar agus chun aighneachtaí a spreagadh.
- Socraíodh láithreán gréasáin tiomanta chun suim a chruthú agus chun soláthar a dhéanamh le haghaidh cur chuige comhoibritheach agus nuálaíoch chun na pleananna a dhéanamh; <http://ourplan.kilkenny.ie/>
- Seoladh an láithreán gréasáin seo go hoifigiúil ag cruinniú na Comhairle Contae an 21 Bealtaine 2012. Baineann an láithreán gréasáin leis na Pleananna Cathrach agus Contae. Is é bunchuspóir an láithreáin chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí agus as seirbhísí na meán sóisialta d’fhonn fóram a sholáthar inar féidir le saoránaigh tuairimí a nochtadh, tús a chur le díospóireacht agus chun comhoibriú leis an gComhairle le linn a gcomhairliúcháin agus próisis phleanála chun cinn. Ina theannta sin, thug an láithreán faisnéis ar conas aighneacht i scríbhinn a dhéanamh.
- Tugadh faoi na cleachtaí comhairliúcháin sna trí bhunscoil a leanas sa Chathair:
  - Naomh Pádraig De La Salle
  - Scoil Shinsearach Naomh Eoin
  - Bunscoil na Toirbhirte
- Roghnaíodh Gairmscoil Bhaile Sheáin chun triail phíolótach a bhaint as cleachtadh comhairliúcháin le daltaí na hidirbhliana ar leibhéal meánscoile.
- Bhí seacht gcruinniú phoiblí ar bun sna cúig thoghcheantar sa Chontae agus sa Chathair – ceann amháin i mBaile Mhic Andáin, Callainn, Caisleán an Chomair, Port an Chalaigh, Gráig na Manach agus dhá cheann sa chathair.
- Réitigh comhaltaí na Comhairle Buirge agus Contae Tuarascáil an Bhainisteora Contae ar an gcomhairliúchán poiblí mar aon leis na saincheisteanna a tugadh chun solais agus rinne siad breithniú orthu.
- Réiteofar na dréachtphleananna don chathair agus don chontae sa chéad ráithe de 2013.

### Rialú Forbartha

- Fuarthas 615 iarratas pleanála in 2012, agus fuarthas €233,515 ar an iomlán i dtáillí pleanála.
- Fuarthas 220 Fógra Tosaithe faoi na Rialacháin Foirgníochta agus cuireadh tús le 87 teach nua a thógáil i gContae Chill Chainnigh.

- Rinneadh iniúchadh ar 45 de na tithe nua seo faoi na Rialacháin Rialaithe Tógála
- Leanann an córas clinic phleanála le hoibriú go rathúil i ngach ceann de na hOifigí Ceantair.
- Socraíodh painéal le haghaidh measúnóirí oiriúnachta láithreáin fhaofa in 2008 agus tá 71 duine ar an iomlán ar an bpainéal seo. Chuir seo feabhas ar cháilíocht agus ar iontaofacht na faisnéise a sheoltar ar aghaidh le hiarratas pleanála agus d'eascair laghdú ar atreorú na n-iarratas pleanála chuig an Roinn Comhshaoil ar mhaithe le fíorú sonraí as seo.

### Ranníocaíochtaí Forbartha

- Bailíodh €1.76 milliún ar an iomlán in 2012.

### Forfheidhmiú

- Fuarthas 134 gearán nua ar an iomlán in 2012.
- Tá Imeachtaí Forfheidhmithe ar bun agus rinneadh thart ar 11 chás a chur chun cinn le haghaidh caingean dlí.
- D'éirigh leis an gComhairle 7 gcás a ionchúiseamh i rith 2012.
- Ghearr na Cúirteanna fíneálacha agus costais €41,230 tar éis caingean dlí a ghlac an Chomhairle.

### Cairéil

- Faoi Alt 261A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2010, ceanglaíodh ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh scrúdú a dhéanamh ar gach cairéal i gContae Chill Chainnigh faoin spriodhata reachtúil an 15 Lúnasa 2012.
- Chríochnaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh a scrúdú ar 104 cairéal roimh an spriodhata seo agus d'eisigh siad chúig fhógra oifigiúla dá réir.
- Cé go bhfuil an tÚdarás Pleanála sásta, den chuid is mó, leis an leibhéal de chomhlíonadh pleanála, go háirithe i measc na n-oibreoirí móra, sainaitníodh 27 forbairt neamhúdaraithe nach bhfuil cuimsithe ag Alt 261A agus déileálfar leo seo faoi ghnáthfhorálacha an Achta.

### Forbairt Tithíochta Neamhchríochnaithe

- I rith 2012, rinneadh monatóireacht ar gach suíomh neamhchríochnaithe tithíochta i leith oibreacha sábháilteachta agus rinneadh Forbróirí a chonrú sa chás gur theastaigh oibreacha sábháilteachta.
- Thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi oibreacha sábháilteachta ar fhorbairt tithíochta neamhchríochnaithe amháin le cúnaimh deontais ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- Thit mórathbhreithniú amach ar rangú forbairtí neamhchríochnaithe le haghaidh an tSuirbhé Náisiúnta i gcomhairliúcháin le foireann na Roinne. D'fhoilsigh an Roinn an t-athbhreithniú seo i Samhain 2012. Laghdaíodh an líon forbairtí neamhchríochnaithe i gCill Chainnigh anuas ó 76 go dtí 41.
- Tógadh 7 bhforbairt tithíochta i gcúram i rith 2012 ina bhfuil 245 teach.
- Rinneadh an Banna a ghairm isteach ar 3 fhorbairt chónaithe agus thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi oibreacha réitigh chun na forbairtí a ardú chuig an gcaighdeán chun cúram a thógáil.



*Fuarthas 134 gearán um fhorfheidhmiú pleanála ar an iomlán in 2012.*



*Rinneadh an Banna a ghairm isteach ar 3 fhorbairt chónaithe agus thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi oibreacha réitigh chun na forbairtí a ardú chuig an gcaighdeán chun ceannas a ghlacadh.*



## Láithreáin Thréigthe

- Eisíodh fógraí faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 sa chás gur chúí, agus leanfar le Láithreáin Thréigthe a fhiosrú.
- Téitear sa tóir ar mhaoine oiriúnacha tréigthe a fháil faoin Acht um Imeachtaí Ceannaigh Éigeantaigh Láithreán Tréigthe sa chás cuí.

## Caomhnú

- Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh le córas comhairliúchán pleanála/comhairleach a sholáthar d'aon duine ar mian leo tabhairt faoi oibreacha ar fhoirgnimh lena mbaineann tábhacht ailtireacht oidhreachta agus struchtúir chosanta laistigh de Chontae Chill Chainnigh.
- Tacaíonn an Chomhairle le cleachtas freagrach maidir lenár n-oidhreacht thógtha a bhainistiú mar aon le tionscnaimh thurasóireachta cultúrtha a chur chun cinn sa gheilleagar áitiúil agus le maireachtáil inmharthana in ionaid stairiúla.

## An Pobal agus an Cultúr

### An Scéim Deontais Chaipitiúil Áiseanna Pobail agus Cultúrtha

- Sholáthair an Scéim Deontais Chaipitiúil Áiseanna Pobail agus Cultúrtha 2012 €180,000 ar an iomlán lena leithdháileadh ag an gComhairle Contae do ghrúpaí pobail agus spóirt.
- Cistíodh cúig thionscadal faoin scéim in 2012; trí áis faiche súgartha – ceann amháin i nDroichead Binéid, ceann amháin i gCill Mhic Bhúith agus ceann eile i mBéal Átha Ragad, agus mar thoradh air sin, tá 19 bhfaiche súgartha ann anois ar fud an chontae.
- Ina theannta sin, i measc na dtionscadal a cistíodh bhí an t-ionad pobail i Muileann an Bhata agus fáinne dornálaíochta le haghaidh Chlub Dornálaíochta Naomh Pádraig sa Watershed.



*Sholáthair an Scéim Deontais Chaipitiúil Áiseanna Pobail agus Cultúrtha 2012 €180,000 ar an iomlán lena leithdháileadh ag an gComhairle Contae do ghrúpaí pobail agus spóirt.*





*Cuireadh an tionscadal 'Born to Knit' ar aghaidh le gradam a bhaint amach mar chuid de Bhliain na hEorpa um Aosú Gníomhach agus Dlúthpháirtíocht idir Glúine 2012 agus baineadh €1,000 mar thacaíocht amach don ghradam seo ón líonra Age Well Network.*

## Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Chill Chainnigh

Trí shocruithe obair idirghníomhaíochta leis an nGrúpa Idirghníomhaireachta, thacaigh an Chomhairle le líon beart do phobal an lucht siúil, agus ina measc siúd bhí an méid a leanas:

- líon príomhthionscadal den Lucht Siúil a fhorbairt;
- forbairt leanúnach ghluaiseacht phobal Lucht Siúil Chill Chainnigh
- mar aon lena bhfoireann forbartha pobail agus for-rochtana;
- socruithe obair idirghníomhaireachta a fhorbairt, agus
- prótacail le haghaidh seachadadh seirbhísí agus tacaíochtaí do theaghlaigh a chónaíonn i láithreán stad Naomh Cairtróna
- dul chun cinn tionscadal inmharthana Capall an Lucht Siúil le haghaidh Chill Chainnigh.
- leanúint de ghrúpaí na bhfear agus na mban

## Tionscadal INTERREG Pobal a Thacaíonn le Daoine Breacaosta Chill Chainnigh

Inár ndara bliain i seachadadh tionscadal píolótach atá dírithe ar mhalartuithe idirghlúine agus comhtháthú sóisialta a spreagadh, sholáthair Comhairle Contae Chill Chainnigh, i gcomhar lena nOifigeach Ealaíon, Dánlann de Buitléir, agus Comhpháirtíocht Spóirt Chill Chainnigh, cúig chlár a mbíonn na glúine rannpháirteach iontu i ngníomhaíochtaí ealaíon, spóirt agus san oidhreacht. Sonraítear thíos iad seo:

- Féilte idirghlúine – Tionscadal na Bealtaine agus Fhéile Ealaíon Chill Chainnigh 2012
- Tionscadal scéal beatha – tionscadail chomhtháite pobail i gcomhar le Dánlann de Buitléir, Tionscadal Scéal Beatha Theaghlach Evan
- Rannpháirtíocht sa Spóirt agus i gCaitheamh Aimsire – i gcomhoibriú le Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Chill Chainnigh.
- Cuireadh an tionscadal 'Born to Knit' ar aghaidh le gradam a bhaint amach mar chuid de Bhliain na hEorpa um Aosú Gníomhach agus Dlúthpháirtíocht idir Glúine 2012 agus baineadh €1,000 amach don ghradam seo ón líonra Age Well Network.
- Malartú/Comhoibriú Cruthaitheach – Grúpa Cáinteoirí Óga agus Aosta 2012. Thacaigh Clár na hÉireann-na Breataine Bige le forbairt Grúpa Cáinteoirí Aosta.

## An Oidhreacht

Soláthraíonn an Oifig Oidhreachta seirbhís oidhreachta gairmiúla ar fud na cathrach agus an chontae, lena n-áirítear comhairle agus faisnéis ar shaincheisteanna oidhreachta; forbraíonn siad beartais agus tosaíochtaí le haghaidh sainnithint, cosaint, caomhnú agus feabhsú oidhreachta Chill Chainnigh; bailíonn agus cuireann siad sonraí oidhreachta i dtoll a chéile agus cuireann siad feachtas ar an oidhreacht agus an t-oidreachas chun cinn ar fud an chontae. Príomhchuspóir is ea oibriú le Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh maidir le réiteach agus cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta Contae agus an Phlean Bithéagsúlachta Contae.

## Éachtaí Suntasacha

- Ainmneacha Páirceanna a chur i gcuntas – oiliúint arna cur ar fáil do bhailiú breis agus 200 ainm páirce agus iad a chomhordú i measc na bpobal i dTulach, Caisleán an Chomhair agus Maigh Coillí. Bhí tionscadal ainmneacha páirceanna na mBailte Fearainn ina ghné ar chlár feirmeoireachta RTÉ Radio 1 "Countrywide".
- Iniúchadh ar Abhainn na Feoire – críochnaíodh an chéim dheiridh d'Iniúchadh Oidhreachta Abhainn na Feoire (sonraí a bhailiú ar an oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha), idir Inis Tíog agus Ros Mhic Thriúin. Bhí an tionscadal ina ghné ar chlár RTÉ 1 "Ear to the Ground".



Lucht Cainteach Cnótála i Leabharlann Chaisleán an Chomhair



Leanaí óga i mbun spraoi i Leabharlann Chaisleán an Chomhair

- Ceardlanna Bithéagsúlachta do Leanaí – eagraíodh ceardlanna bithéagsúlachta do leanaí ag féilte áitiúla (Baile an Phoill, an Droichead Nua, Cathair Chill Chainnigh) – ghlac breis agus 600 leanbh páirt iontu.
- Reiligí a chur i gcuntas – rinneadh bailiú cuntas ar reiligí a chomhordú a thacú agus rinneadh 2,345 cloch chinn a chur i gcuntas i 58 reilig stairiúil ar fud na cathrach agus an chontae i gcomhpháirtíocht le [www.historicgraves.ie](http://www.historicgraves.ie) agus le CKLP.
- Scileanna Traidisiúnta Tógála – arna n-urrú agus dtaispeáint ag an Taispeántas agus Seimineár Scileanna Traidisiúnta Tógála i gCaisleán Chill Chainnigh i gcomhpháirtíocht le Cumann Seoirseach na hÉireann, an OPW agus an Chomhairle Oidhreachta – d’fhreastail breis agus 500 duine.
- Seachtain Oidhreachta Chill Chainnigh – rinneadh Clár Sheachtain Oidhreachta Chill Chainnigh a chomhordú agus bhí breis agus 60 imeacht oidhreachta ar bun ar fud na cathrach agus an chontae.
- Ceardlanna Oidhreachta – eagraíodh agus cistíodh ceardlanna saor in aisce don phobal i gCaisleán an Chomair, Port an Chalaídh agus i gCathair Chill Chainnigh, i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta mar chuid de Sheachtain na hOidhreachta: “Ceardlanna Seandálaíochta do Leanaí”; “Ceardlann oiliúna chun Reiligí a Chur i gCuntas”; “Fiosraigh an Chathair faoi do Chosa”; “Bleachtairí Fiadhúlra”; “Eachtraíocht Seandálaíochta do Leanaí”
- Na Chéad Chéimeanna sa tSeandálaíocht (‘First Steps into Archaeology’) – rinneadh acmhainní teagaisc sheandálaíochta a chur i dtoll a chéile, a nascadh le curaclam na Bunscoile, le haghaidh scoileanna áitiúla i gcomhpháirtíocht le hIonad Oideachais Chill Chainnigh, Coiste Cúram Leanaí Chontae Chill agus múinteoirí áitiúla. Féach [www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Heritage/First\\_Steps\\_into\\_Archaeology\\_Archaeology\\_for\\_Children.html](http://www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Heritage/First_Steps_into_Archaeology_Archaeology_for_Children.html)
- Acmhainní Teagaisc Abhainn na Feoire – cuireadh acmhainní teagaisc i dtoll a chéile, a nascadh le curaclam na Bunscoile, ar oidhrecht Abhainn na Feoire le haghaidh scoileanna áitiúil i gcomhpháirtíocht le hIonad Oideachais Chill Chainnigh, an Chomhairle Oidhreachta agus múinteoirí áitiúla. Féach [http://www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Heritage/Teaching\\_Resources/](http://www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Heritage/Teaching_Resources/)
- Bleachtairí Fiadhúlra Chill Chainnigh – chuir siad bróisiúr/treoir um bleachtairí fiadhúlra agus póstaer i dtoll a chéile, bunaithe ar fhiadhúlra agus nósanna Chill Chainnigh i gcomhpháirtíocht le Coiste Cúram Leanaí Chontae Chill Chainnigh. An chéad cheann dá shamhail i gCill Chainnigh.
- Geataí Dúchasacha Feirme – coimisiúnaíodh suirbhé píolótach agus póstaer de gheataí gaibhnithe iarrainn shaoirsithe i gCill Chainnigh Theas, ar ghné dár n-oidhrecht tuaithe atá nach mór imithe. An chéad cheann dá shamhail in Éirinn.



## Seirbhísí Leabharlainne

Déanann Seirbhís Leabharlainne Chontae Chill Chainnigh, trína gcuid bailiúchán, seirbhísí agus pointí seirbhíse, an méid a leanas a chur chun cinn agus tacú leis an méid a leanas: léitheoireacht agus litearthacht, foghlaim ar feadh an tsaoil, rochtain agus úsáid TF, an oidhreacht agus an cultúr agus comhtháthú sóisialta.

### Leabharlann Phort an Chalaídh

- Osclaíodh an Leabharlann don Phobal an 4 Nollaig 2012, agus chuir muintir Phort an Chalaídh agus Chill Chainnigh Theas fáilte mhór roimpi.
- Áirítear lei, achar iomlán 312 méadar cearnach ar an iomlán, ina bhfuil: Seirbhísí do Leanaí; Limistéar do Dhéagóirí; Seirbhísí do Dhaoine Fásta; seomra Pobail/Cruinnithe; 8 Ríomhaire Phoiblí; RFID féinseirbhíse agus WIFI agus seirbhísí agus formáidí inrochtana.
- Stoc breis agus 15,000 earra, lena n-áirítear leabhair, CDanna, DVDanna, Cúrsaí Teanga, nuachtáin agus closleabhair.
- Ó cheantar Phort an Chalaídh agus Chill Chainnigh Theas iad na baill.
- Úsáideann réimse leathan eagraíochtaí an seomra pobail agus tá clár iomlán imeachtaí ann.

### Leabharlann Nua Bheartaithe Cathrach

- Taispeánadh na pleananna beartaithe le haghaidh na Leabharlainne nua Cathrach in aice Halla an Chontae, Sráid Eoin do bhaill thofa.

### Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí

Tá níos mó i gceist le leabharlanna ná foirgnimh agus leabhair, mol pobail atá iontu - áit le foghlaim, le do scíth a ligean agus chun casadh le daoine. Léirítear seo sa réimse imeachtaí agus gníomhaíochtaí a reáchtáilteann agus a óstáilteann Brainsí Leabharlainne Chill Chainnigh. I rith 2012, áiríodh leis seo imeachtaí le haghaidh an mhéid a leanas: Bealtaine; Cuimhneacháin ar an Titanic; Seachtain na hOidhreachta agus na hEolaíochta; an Club Leabhar agus Oícheanta Cultúir; Filíocht Uile-Éireann agus Laethanta Idirnáisiúnta na mBan; Léitheoireacht Samhraidh na Leanaí agus Dúshláin na Sé Leabhar; Féile Leabhar na Leanaí agus Oíche Shamhna agus an Nollaig.

- I measc na ngníomhaíochtaí eile leanúnacha a bhí ar bun i rith na bliana bhí; cuairteanna ó údair; ranganna/grúpaí scríbhneoireachta cruthaithí; grúpaí cniotála; ranganna ríomhfhoghlama FÁS; ranganna TF Chumann na mBodhar; seirbhís tralaí Leabharlainne ag Ospidéal Naomh Lúcas agus cainteanna/cruinnithe Ghrúpa Meabhairshláinte FSS agus léachtaí an Chumainn Staire Áitiúla.
- Tugadh 144,800 cuairt ar bhraintí leabharlainne.
- Tugadh 263,203 leabhar agus 32,059 CD, DVD, cúrsa teanga, leabhar cainte agus irisleabhar etc. ar iasacht.
- Rinneadh 27,686 seisiún idirlín.



*Taispeánadh na pleananna beartaithe le haghaidh na Leabharlainne nua Cathrach in aice Halla an Chontae, Sráid Eoin do bhaill thofa.*



*Tugadh 27,686 cuairt ar Bhraintí Leabharlainne.*



## Na hEalaíona

Oibríonn an Oifig Ealaíon as a stuaim féin agus i gcomhpháirtíocht chun gníomhaíocht ealaíonta a fhorbairt, a spreagadh agus a chur ar chumas daoine ar fud na cathrach agus an chontae.

Cuireann siad na healaíona chun cinn mar ghníomhaíocht fhiúntach do chách. Oibríonn an dá údarás chun suíomh Chill Chainnigh a bhreistreisiú mar ionad sármhaitheasa do na healaíona, trí dhíriú ar fhorbairt an chleachtóra agus a n-oibre; teagmháil a dhéanamh le healaíontóirí agus foireann tacaíochta agus iad a fhostú i dtionscadail, trí thionscnaimh forbartha gairmiúla agus cleachtais a chur ar tairiscint i ngach foirm ealaíne, trí fhorbairt an lucht féachana, an phobail agus an oideachais agus trí chur le cumas.





*Thug breis agus 10,000 duine faoi chláir faoi thacaíocht Oifig na nEalaíon nó páirt a ghlacadh iontu in 2012.*

Ba iad na príomhéachtaí in 2012;

- Rinne roinnt eagraíochtaí cultúrtha i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh roinnt imeachtaí agus gníomhaíochtaí saor in aisce a chur i láthair a d'oibrigh do gach aoisghrúpa agus díol spéise le linn Oíche an Chultúir. Bhí 1,080 duine ann ar an iomlán idir lucht leanúna agus rannpháirtithe.
- Thug Oifig na nEalaíon tacaíocht do Shraith Ceolchoirmeacha an Dubhaisce agus do Thionscnamh Nua Ceoil Fhéile Ealaíon Chill Chainnigh chun na healaíona a chur i measc lucht leanúna nua agus pobail áitiúla. Bhí 600 duine ann ar an iomlán mar lucht féachana sa dá imeacht ceoil seo.
- An Litríocht; foilsíodh an 12ú heagrán de Mhórbhileog Filíochta Chill Chainnigh. Foilsíodh 13 fhíle in eagrán na bliana seo. Lean an Oifig Ealaíon agus an tSeirbhís Leabharlainne lena gcomhpháirtíocht chun a gclár Ceardlanna Scríbhneoirí 2012 a óstáil agus ghlac 60 scríbhneoir páirt ann ar an iomlán.
- Tionscadal Cúigeir nó Seisear Ban ('5 To 6 Women's Project'); cuireann an tionscadal seo spás ar fáil do mhná chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaim ar feadh an tsoil agus chun scileanna, eolas agus tuiscint a mhéadú ar na healaíona. D'oibrigh an Tionscadal le breis agus 139 bean ó cuireadh tús leis agus bhí 34 rannpháirteach i gclár 2012.
- Lá Náisiúnta Tarraingthe Pictiúr ('National Drawing Day'); comhpháirtíocht atá san imeacht seo idir Dánlann Butler, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Oifig Ealaíon Chill Chainnigh. Ghlac 389 duine, ar an iomlán, ó gach aoisghrúpa páirt ann.
- Taispeántas agus Ceardlann na nDéantóirí Óga; rinne seo saothar ealaíontóirí óga idir aois 14 agus 19 mbliana ó 13 thír a léiriú. Sa bhreis ar an taispeántas, bhí 4 cheardlann saor in aisce ar bun in Uimhir 76, Sráid Eoin a chur ar chumas ógánaigh Chill Chainnigh chun scileanna agus eispéiris nua a fháil. Ghlac 68 duine ar an iomlán páirt mar rannpháirtithe.
- Siamsa; Thacaigh an clár spráit seo atá páistelárnaithe le líon leanaf maidir le réimse scileanna a fhorbairt, lena n-áirítear tarraingt, péinteáil agus déanamh ar réimse fairsinge bealaí. Ghlac 108 leanbh páirt ann ar an iomlán mar rannpháirtithe.
- Tugadh cúnamh airgeadais i dtreo fhorbairt na nEalaíon. Ina measc seo bhí Sparántacht Guthrie Thír Eoghain, Sparántacht Chlár Samhraidh Cór na nÓg agus rinneadh seachtar daoine a chistiú ar an iomlán.
- Clár Cónaitheachta Ealaíontóirí faoi shamhail nua de stiúideonna comhroinnte agus spás ceardlainne ag Uimhir 76 Sráid Eoin. Is éard a bhí i gceist ná seachtar ealaíontóirí ag oibriú ar an suíomh ar bhonn páirtaimseartha. Bhí 2,562 duine ann ar an iomlán idir lucht leanúna agus rannpháirtithe.
- Rinne an Clár Taispeánta ag Uimhir 76 agus Dánlann Upstairs, Amharclann Gheata an Uisce, réimse fairsinge de thaispeántais chomhaimseartha a chur i láthair a mheall lucht féachana ollmhór. D'fhreastail 1,875 duine ar thaispeántas samhraidh Patrick O'Connor agus cuireadh foilsíú iomlán i dtoll a chéile i dteanna an taispeántais.
- Arís eile, chuir Art Links clár ardchaighdeán agus inrochtana Forbairt Ghairmiúil Ealfon ar tairiscint do chleachtóirí ar fud na ndisciplíní uile. Trí Chlár Meantóireachta Art Links, tugadh deis mheantóireacht d'ochtair daoine le healaíontóir gairmiúil ina limistéar ar leith. Bronnadh sparántachtaí ar sheisear ealaíontóirí eile de bhunadh Chill Chainnigh chun cabhrú lena gcleachtas ealaíonta. Tugadh tacaíocht dhíreach do cheathrar déag ó Chill Chainnigh.

Thug breis agus 10,000 duine faoi chláir faoi thacaíocht Oifig na nEalaíon nó páirt a ghlacadh iontu in 2012

## 2.3 Airgeadas agus Forbairt Gheilleagrach

Is iad na seirbhísí a sholáthraítear faoin stiúthóireacht seo Pleanáil agus Cláreagrú Airgeadais, Bailiú Ioncaim, Soláthar, Forbairt Gheilleagrach agus Mótarchánachas.

### An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

- Tugadh easnamh €602,000 anonn ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais (I&E) go dtí 2012.
- Laghdaíodh an t-easnamh seo faoi €448,000 i gcaitheamh 2012, mar gheall ar ghníomh ceartaithe agus rialú dian buiséadach ag an gcomhairle ar bhuiséad iomlán caiteachais thart ar €77 milliún.
- Thit an cloí leis an mbuiséad seo amach i dtréimhse tástála leanúnaí agus chúinsí dúshlánacha geilleagracha inar tháinig laghdú an-suntasach ar ioncam na Comhairle, cibé acu arbh ioncam ón státchiste nó áitiúil a bhí i gceist.

### Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

- Bhí ag an gComhairle clár tréan comhardaithe ag deireadh 2012 agus tháinig treisiú suntasach ar a staid airgeadais thar an tréimhse ó 2000 go dtí 2012.
- Tá go leor ama agus iarrachta á caitheamh ag an gComhairle le bailiú fiachais, agus, cé gur tháinig titim ar leibhéil fiachais, tá ag éirí go maith leis an gComhairle sa limistéar seo i gcomparáid le húdarais áitiúla eile nó lena samhail d'eagraíochtaí earnála príobháidí.

### Socruithe Cistithe Tionscadail Chaipitiúil

- Ghlac an Chomhairle le buiséad caipitiúil don tréimhse 2012-2014. Tugann an buiséad seo breac-chuntas ar na tionscadail bheartaithe chaipitiúla agus na foinsí bainteacha cistithe don tréimhse trí bliana lena mbaineann.
- Teastaíonn foinse shainaitheanta cistithe ón gComhairle sular féidir leo tús a chur le tionscadail chaipitiúla.
- Cistítear tionscadail trí réimse foinsí agus braitheann cumas na Comhairle chun tionscadail chaipitiúla a chur chun cinn i measc a limistéar seirbhíse uile go mór ar fháil a bheith ar chistí leordhóthanacha chun tabhairt faoi na tionscadail atá faoi chaibidil. Cruthaíonn seo deacracht níos mó agus aird ar an meath atá ag teacht ar an timpeallacht reatha gheilleagrach agus ar na brúnna diana ar chistiú náisiúnta an státchiste.

### Tionscnaimh Nua in 2012

- Mar gheall ar shrianta reatha airgeadais, ní mór don Chomhairle freastal ar éileamh méadaithe le níos lú acmhainní.
- Ghlac an Chomhairle páirt i líon tionscadail náisiúnta i rith 2012, lena n-áirítear Córas Comhsheirbhíse Bainistíochta Cistíochta rialtais áitiúil a mheasúnú agus a phleanáil, mar aon le tionscadal um Fheabhsú Próiseas Gnó le haghaidh na gcuntas iníochta agus bailiú fiachais, an tionscadal um chur i bhfeidhm CBL a chríochnú go dtí céim an athéilimh CBL, soláthar nua seirbhíse le haghaidh “Íocaíochtaí Muirear Teaghlaigh” agus “Cosain ár nÍocaíochtaí Uisce”.
- Leanfaidh an próiseas feabhsú leanúnach gnó le tionchar na n-acmhainní laghdaithe ar sholáthar seirbhísí a mhaolú.

- Baineann ríthábhacht leis, níos mó ná riamh roimhe seo, bainistíocht éifeachtach feidhmíochta agus rialú costais a bheith ann. Tá an Chomhairle dírithe de shíor ar sheirbhísí agus tionscadail chaipitiúla ar a bhfuil luach maith ar airgead a sholáthar, sa chás go gceadaíonn na hacmhainní, fiú i dtimpeallacht gheilleagrach atá ag éirí níos dúshlánaí.

## Soláthar

Tá an tAonad Soláthair i mbun oibre ó Mheán Fómhair 2010 agus tá baint acu le gach caitheamh ar sholáthar a threorú agus a rialú. Is iad cuspóirí an Aonaid a chinntiú gur críochnaíodh próiseas ceart soláthair agus go mbaineann an Chomhairle/Bhuirg coigiltí/éifeachtúlachtaí amach i ngach áit ar féidir ar a n-imeachtaí soláthair. Cuireann an tAonad Soláthair treorú ar fáil don Limistéar Seirbhíse atá ag tabhairt faoin soláthar faoi chaibidil.

B'ionann a leanas príomhéachtaí an Aonaid Soláthair in 2012:

- Leantar le tabhairt faoi sheirbhísí na n-ionad athchúrsála agus na n-ionad *fág anseo* i gCill Chainnigh faoin gconradh Réigiúnach, le maoirsiú ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas mar an údarás ceannais.
- 6 Chreatlach Seirbhísí Dlíthiúla a sholáthar agus a chur i bhfeidhm.
- Cúnamh le miontairiscintí a dhréachtú le haghaidh gléasra ar cíos agus ábhair mharcála bóithre faoi chreatlacha cuótaí LA.
- Cuireadh i bhfeidhm gach creatlach NPS go háitiúil trí cheannach lárnaíthe.
- Soláthar Córas Rianaithe agus Bainistíochta Flíte le haghaidh Feithiclí Údaráis Áitiúil ag Comhairle Contae Loch Garman, thar cheann Údaráis Loch Garman agus Thiobraid Árann Theas agus Chomhairlí Contae agus Bhuirg Chill Chainnigh.
- Chomhsholáthair Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Cheatharlach soláthróir Scéim Chúnaimh Fostaíochta ar bhonn eatramhach (ar feitheamh toradh scrúdaithe ar an gcomhseirbhís ag an Earnáil LG) a bhaineann coigiltí 51% sa bhliain amach.
- Cuireadh tús le comhairliúchán tosaigh in 2012 ar chomhsholáthar rialú singil conraitheoir capall le haghaidh na Comhairle agus líon údaráis áitiúla mórthimpeall. Tá súil leis go soláthrófar an conraitheoir in 2013.
- An chreatlach le haghaidh oibreacha neamhsceidealaithe seirbhísí uisce a sholáthar agus a chur i bhfeidhm.
- Cabhrú chun roinnt oibreacha agus conarthaí comhairliúcháin le haghaidh Bóithre agus Seirbhísí Uisce a sholáthar.
- Seirbhísí iompair agus diúscair dramhaíola a sholáthar le haghaidh shuíomh Fónais Chathartha an Dúin Mhóir.
- Seirbhísí margaíochta a sholáthar le haghaidh Thurasóireacht Chill Chainnigh.
- Tugadh lámh chúnta do mheasúnú na tairisceana Náisiúnta LVPC.
- Tugadh cúnamh don NPO maidir leis an Dréachtpháipéar Oibre Éifeachtúlachta ar Choigiltí Soláthair a dhréachtú.
- Tugadh cúnamh don NPO maidir leis an tsonraíocht dualgas le haghaidh Oifigigh Sholáthair LA a dhréachtú.
- Painéal Teiripeoirí Saothair le haghaidh Tithíochta a sholáthar.
- Réiteach bainistíochta maidir le tionscadal Chapail an Lucht Siúil le haghaidh na Rannóige Tithíochta.
- Cuireadh tús le soláthar an phainéil Tógála Tithíochta – a chuirfear i bhfeidhm in 2013.



*Leantar le coigiltí suntasacha a bhaint amach trí sholáthar feabhsaithe.*





An Fóram ‘Cas leis an gCeannaitheoir (‘Meet the Buyer’), Rachel Devereill ó Anna Harvey Farm Foods, Bun Clóidí, Contae Loch Garman, an Comh. Paul Cuddihy, Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus Phil Hogan, T.D., an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.



Phil Hogan, T.D., an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Comh. Paul Cuddihy, Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh.



Phil Hogan, T.D., an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Julie Calder-Potts de chuid Highbank Orchards i gCill Chainnigh ag imeacht réigiúnach líonraíthe cheannaitheoirí/tháirgeoirí an Oirdheiscirt ag Óstán Eastát Ráth an Ligh i gCill Chainnigh. Pictiúr: Dylan Vaughan

## Forbairt Gheilleagrach

Lean an tAonad Forbartha Geilleagraí leis na príomhghnéithe um chur chun cinn geilleagrach a chur chun cinn in 2012. – tá agraibhia, turasóireacht, nuálaíocht i seirbhísí, agus an t-oideachas ag croílár an chláir forbartha geilleagraí go fóill. Dlúthoibríonn an fhoireann le soláthróirí bonneagair chun an chathair agus an contae a optamú le haghaidh breis infheistíochta. Tá clár leanúnach cumarsáide mar bhonn agus taca leis na limistéir thosaíochta seo.

Díríonn na croíghníomhaíochtaí ar an méid a leanas:

- Óstáil agus tabhairt faoi líon imeachtaí um chur chun cinn chun Cill Chainnigh a mhargú mar láthair gnó, lena n-áirítear tionscnamh Nasc-Éire – ‘Succeed in Ireland’ a sheoladh san earnáil rialtais áitiúil.
- Cur i gcrích agus seoladh ionad taighde agus nuálaíochta TSSG/WIT/IT Cheatharlach/OÉG i gCill Chainnigh chun scileanna TF a leabú, feabhas a chur ar phróifíl nuálaíochta seirbhíse an réigiúin agus chun braisliú cuideachtaí teicneolaíochta a chinntiú.
- Fairsingiú an ghrúpa agraibhia ag díriú ar réiteach bonneagrach, agus aird ar leith ar na himpleachtaí comhshaoil le haghaidh Harvest 2020, agus tionscnamh Díolachán agus Margaíochta a chur chun cinn agus imeacht ‘Cas le an gCeannaitheoir’ a chomhóstáil.
- Cruthaíodh caidreamh leis an tSín trí nascadh bailte, cuairt oifigiúil toiscaireachta chuig Suzhou sa tSín agus cúrsa Chultúr na Síne a mhair sé seachtaine a reáchtáil.
- Ag oibriú leis an turasóireacht agus le gach páirtí leasmhar chun Cill Chainnigh a mhargú mar áit iontach le cónaí ann agus chun gnó a dhéanamh ann, feidhm lárnach i gcomhordú The Gathering i gCill Chainnigh agus chun an tionscnamh turasóireachta ‘the Medieval Mile’ a chur chun cinn.
- Rinne líon imeachtaí ardphróifíle a óstáil in 2012 chun próifíl Chill Chainnigh a ardú mar láthair gnó, chun naisc a fhorbairt leis an bpobal reatha gnó, agus chun an chathair agus an contae a mhargú le haghaidh infheisteoirí nua féideartha
- Rinne Turasóireacht Chill Chainnigh comhairligh chaidrimh phoiblí agus mhargaíochta nua a fhostú agus forbraíodh straitéis nua turasóireachta, agus seoladh an branda nua ‘Kilkenny – living history, loving culture’ a rinne sprioc de ghnó méadaithe intíre agus idirnáisiúnta trí na meáin shóisialta, lena n-áirítear Flickr, YouTube agus feachtais shonracha SEO gréasáin (optamú inneall cuardaigh).
- Seoladh bróisiúr nua margaíochta a dhéanann léarscáileanna nua cathrach agus contae a chuimsiú, a bhí páirtchistithe ag LEADER.



*Tugadh tacaíocht airgeadais do thionscnaimh áitiúla thurasóireachta agus ghnó, lena n-áirítear Ionad Turasóirí Dhiméin Chaisleán an Chomair, agus Féile Nollag Chill Chainnigh agus Féile Bhia Chill Chainnigh.*



*In 2012, bhí údarás áitiúla Chill Chainnigh ar na chéad údarás áitiúla in Éirinn le cúrsa sé seachtaine ‘Seoladh ar Chultúr na Síne’ ar ar fhreastail meascán den lucht gnó, ionadaithe de chomhlachtaí rialtais agus mic léinn.*

Reáchtáladh gníomhaíocht um chaidreamh réamhghníomhach poiblí trí roinnt meáin chlóite agus feachtais fógraíochta i nuachtáin náisiúnta, irisleabhair agus foilseacháin réigiúnacha mar aon le craoladh náisiúnta raidió.

- Bhíothas níos rannpháirtí le baill turasóireachta trí ríomhírisí agus imeachtaí líonraithe/ceardlanna a bhí ar bun chun ‘pacáistí cruachta’ a fhorbairt agus a chur chun cinn lena gcuireann an táirge ar tairiscint a bharrfheabhsú.
- Rinne cur chun cinn seónna trádála sprioc de mhargaí breise, lena n-áirítear daoine os cionn 50 bliain d’aois, lucht spéise gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí faoin spéir agus spéis oidhreachta.
- Tugadh tacaíocht airgeadais do thionscnaimh áitiúla thurasóireachta agus ghnó, lena n-áirítear Ionad Turasóirí Dhiméin Chaisleán an Chomair, agus Féile Nollag Chill Chainnigh agus Féile Bhia Chill Chainnigh.
- D’eagraigh agus d’óstáil an tAonad Tacaíochta Gnó seoladh náisiúnta thionscnamh Nasc-Éire ‘Succeed in Ireland’ don earnáil rialtais áitiúil, ar ar fhreastail gach Bainisteoir Contae, Stiúirthóir Seirbhíse, Méar agus Cathaoirleach de gach comhairle in Éirinn.
- Cheap IDA Éireann Nasc-Éire chun caipitliú ar chumas na nasc glas agus Dhiaspóra na hÉireann agus tá siad in ainm is poist a chruthú agus leas á bhaint as córas atreoraithe chun níos mó infheistíocht dhíreach iasachta a mhealladh go hÉirinn. Sa bhreis air sin, eagraíodh seoladh contae chun teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara áitiúla agus pobail ar fud Chill Chainnigh.
- Rinneadh líon cuairteanna ardleibhéil gnóbhunaithe a óstáil. Thacaigh páirtí de thoscairí, lena n-áirítear an Bainisteoir Contae, Cathaoirleach na Comhairle Contae agus Príomhfheidhmeannach an IDA, le tionscnamh Nasc-Éire, agus thaisil siad go Suzhou na Síne chun Cill Chainnigh agus Éire a chur chun cinn, agus chun teagmháil a dhéanamh le ceannaitheoirí gnó agus polaitiúla mar chuid d’fhorbairt leanúnach caidrimh.
- Ag seoladh Invest Kilkenny, fógraíodh bunú Ionad Taighde agus Nuálaíochta an TSSG. D’oscail an Taoiseach, Enda Kenny an t-ionad go hoifigiúil i mBealtaine 2012 agus dírfonn an t-ionad ar chaidreamh a chruthú le cuideachtaí reatha i gCill Chainnigh agus i réigiún an Oirdheiscirt. Rinne an t-ionad nua taighde suntas den bhorradh leanúnach a bhí ag teacht ar ghrúpa an-rathúil TSSG IT Phort Láirge agus d’fheabhsaigh sé go mór próifíl acadúil Chill Chainnigh, agus fiúntas an chontae a chomhdhlúthú mar ionad nuálaíochta agus cruthaitheachta. Cruthaíonn ionad Chill Chainnigh mol le haghaidh saineolas TFC agus forbairt idirlín den chéad ghlúin eile le haghaidh cuideachtaí sna hearnálacha airgeadais, baincéireachta agus árachais.
- In 2012, bhí údarás áitiúla Chill Chainnigh ar na chéad údarás áitiúla in Éirinn le cúrsa sé seachtaine ‘Seoladh ar Chultúr na Síne’ ar ar fhreastail meascán den lucht gnó, ionadaithe de chomhlachtaí rialtais agus mic léinn. I measc na modúl bhí béasaíocht na Síne, prótacal gnó, ordlathas an teaghligh agus féilte na Síne mar chuid de na hiarrachtaí chun infheistíocht a mhealladh ón gCianoirthear. Leanann an teagmháil seo le cur le caidreamh gnó Chill Chainnigh leis an mórlimistéar tionsclaíoch seo.
- I dtaca leis an gclár agraibhia a chur chun cinn, anuas ar straitéis Harvest 2020, bunaíodh grúpa ardleibhéil bhia le hionadaithe ón earnáil, lena n-áirítear Glanbia, Dawn Meats, Brett Brothers, Connolly Red Mills, Oldtown Bakeries agus LEADER.



*I dtaca leis an gclár agraibhia a thabhairt chun cinn, anuas ar straitéis Harvest 2020, bunaíodh grúpa ardleibhéil bhia le hionadaithe ón earnáil, lena n-áirítear Glanbia, Dawn Meats, Brett Brothers, Connolly Red Mills, Oldtown Bakeries agus LEADER.*

*I nDeireadh Fómhair,  
fógraíodh infheistíocht  
€5.5 milliún i  
dtionscadal nua  
turasóireachta  
Medieval Mile le  
haghaidh Chill  
Chainnigh.*

---

Leanann forbairt turasóireachta bheith i gcoflár an chláir gheilleagraigh i gCill Chainnigh agus chuaigh an t-aonad forbartha geilleagraí i dteagmháil le páirtithe leasmhara turasóireachta mar chomhpháirtí geilleagrach agus foireann riaracháin TF á soláthar chun tacú le tionscnaimh Thurasóireachta Chill Chainnigh.

- I nDeireadh Fómhair, fógraíodh infheistíocht €5.5 milliún i dtionscadal nua turasóireachta Medieval Mile le haghaidh Chill Chainnigh. Síneoidh an Medieval Mile ó Chaisleán Chill Chainnigh go dtí Ardeaglais Naomh Cainnigh agus déanfaidh sé an chathair stairiúil a shuíomh mar cheann scríbe mór le haghaidh cuairteoirí iasachta chuig Éirinn. Fógraíodh an Tionscadal Medieval Mile seo mar chuid den chlár Invest Kilkenny, atá dírithe ar Chill Chainnigh a chur chun cinn mar áit iontach chun gnó a dhéanamh ann.
- Thacaigh an t-aonad tacaíochta gnó leis an tionscnamh ‘The Gathering’ go díreach agus cruinnithe faisnéise pobail á n-eagrú agus teagmháil a dhéanamh leis an bpobal chun 45 tionól a chruthú go dtí seo, lena n-áirítear trí phríomhthionscnamh lenar thacaigh IPB Insurance. Cuirfidh na Tionóil seo, i gcomhar le Fáilte Éireann, The Gathering Ireland agus le pobail áitiúla, tiomáint faoi chuairteoirí iasachta cuairt a thabhairt ar Chill Chainnigh agus chun imeachtaí oidhreacht a chruthú ar mhaithe le borradh geilleagrach amach anseo.
- Lean obair le cur leis an láithreán gréasáin Invest Kilkenny agus leis an láithreán a fhorbairt, agus na líonraí meán sóisialta a mhéadú agus ábhar um chur chun cinn a leithdháileadh. Thacaigh an tAonad Tacaíochta Gnó le comórtas um ghnólachtaí nuathionscanta chun fiontraíocht a chur chun cinn, agus ghlac siad páirt i ngrúpaí fócais le haghaidh forbairt fiontair agus thug siad faoi líon cruinnithe le fiontraithe agus le cuideachtaí féideartha i dtaobh comhairle phleanála, for-chostais agus teagmhálaithe.

## 2.4 Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

Is iad na Seirbhísí a sholáthraítear faoin Stiúrtóireacht seo:

- Cothabháil agus Soláthar an Bhonneagair Uisce
- Cothabháil agus Soláthar an Bhonneagair Fuíolluisce
- Caomhnú Uisce
- Clár Uisce Tuaithe
- Muirir Uisce
- Tástáil agus Dearbhú Cáilíocht Uisce
- Bainistíocht Dramháola
- Bainistíocht Bruscair
- Feasacht Comhshaoil
- Bainistíocht Abhantraí agus Rialú Truailithe
- Sábháilteacht Uisce
- Reiligí
- Seirbhísí Tréidliachta

### Seirbhísí Uisce

- Tá Údarás Seirbhísí Uisce Chill Chainnigh freagrach as 20 soláthar poiblí uisce óil agus as 35 scéim poiblí chóireála fuíolluisce.
- In 2011, rinne an tÚdarás breis agus 9.4 milliún méadar cearnach d'uisce ardchaighdeáin óil a tháirgeadh go díreach do dhaonra breis agus 61,000 duine ar fud an chontae.
- Gníomhaíonn an tÚdarás mar Údarás maoirseachta le haghaidh soláthairtí príobháideacha uisce a thagann faoi na rialacháin uisce óil.

### An Clár Oibríochtaí agus Cothabhála

- In ainneoin gur oibríodh laistigh de bhuiséad atá an-laghdaithe in 2012, d'éirigh le Seirbhísí Uisce na leibhéal seirbhíse a soláthraíodh a choimeád agus a fheabhsú.
- Sannadh acmhainn thiomanta do mhonatóireacht a dhéanamh ar ionaid chóireála fuíolluisce, fadhbanna a bhrath ag luathchéim agus teacht ar réitigh.
- Baineadh méadú breise amach ar an sceideal cothabhála beartaithe le haghaidh gach ionad uisce agus fuíolluisce.
- Tá clár chun aláraim agus córais SCADA a shuiteáil ag gach ionad ar bun go fóill.
- Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh mar chuid de Choiste Réigiúnach an Oirdheiscirt, a bunaíodh chun smaointe a mhalartú chun dea-chleachtas a bhunú le haghaidh Oibríochtaí agus Cothabháil Uisce agus Fuíolluisce.
- Rinneadh breis míinchóiriú ar Phlean um Fhreagairt ar Theagmhas Uisce Óil agus rinneadh trealamh san iosta tiomanta éigeandála a fheabhsú.
- Críochnaíodh, den chuid ba mhó, tabhairt isteach ráitis sábháilteachta a bhain go sonrach le suíomhanna do gach ionad cóireála uisce agus fuíolluisce.



*In 2011, rinne an tÚdarás breis agus 9.4 milliún méadar cearnach d'uisce ardchaighdeáin óil a tháirgeadh go díreach do dhaonra breis agus 61,000 duine ar fud an chontae.*



*Tugadh chun críche  
deisiú taiscumar 1 milliún  
galún ag Baile Rád ar  
chostas €276,000.*

## Clár Caipitiúil

### Mórscéimeanna

#### Scéim Soláthar Réigiúnach Uisce Chill Chainnigh

- Seoladh an Tuarascáil um Réamhdhearadh ar aghaidh lena faomhadh chuig an Roinn Comhshaoil. Tá súil leis go leanfaidh an scéim seo ar aghaidh mar shraith conarthaí tosaíochta, seachas mar scéim mhór amháin.
- Tugadh chun críche an chéad chonradh, deisiú taiscumar 1 milliún galún ag Baile Rád in 2012 ar chostas €276,000.
- Tá tús le cur le dearadh sonrath d'uasghrádú thaiscumar Uachtar Rátha mar aon leis an líonra ina aice, go luath in 2013, agus tá súil le dul chun cinn mear chuig céim na tógála. (costas measta €0.5 milliún)

#### Beart WSS Bhéal Átha Ragad, na Cloiche/Chaisleán an Chomhair agus Áth na nUrlainn

- Tá athbheithniú á dhéanamh ag an Roinn Comhshaoil ar thuarascálacha réamhdhearaidh do na scéimeanna seo.

#### Beart WSS Challainn, Ghráig na Manach agus Bhaile Mhic Andáin/Inis Tíog

- Tá an beart foriomlán scéimeanna seo ar Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce (WSIP) 2010-2012, agus is iad na príom-réamhoibreacha conradh Bhaile Mhic Andáin/Inis Tíog.



- Tá dearadh sonrath na scéime seo le tosú go luath in 2013, agus táthar le cúrsaí a bhrostu go mear go dtí céim na tógála ina dhiaidh sin.

### **Ionad Cóireála Fuíolluisce Chathair Chill Chainnigh**

- D'fhaomh an Bord Pleanála an Ráiteas Tionchair Comhshaoil (EIS) d'Ionad Cóireála Fuíolluisce Chill Chainnigh (Inse an Phuirséalaigh).
- Meastar go gcuirfeadh an scéim seo chun cinn mar thionscadal DBO, ach in 2013, tabharfar faoi líon réamhchonarthaí ríthábhachtacha (uasghrádú bealach isteach, baint túr neamhúsáidte bithbhreosla agus ionad bainte fosfair) i dtosach báire.

### **Beart Scéim Séarachais Achadh Úr, Bhaile Eoin agus an Droichid Nua**

- Tá an togra dearaidh do na scéimeanna sráidbhaile seo á gcur chun cinn ag an gComhairle mar ábhar práinne agus tá an próiseas chun conraitheoir DBO a roghnú chun tabhairt faoin scéim ar bun faoi láthair. Tá an scéim seo le tús a chur le tógáil go luath in 2013.

### **Measúnú Oiriúnach ar Ráitis Tionchair Nádúrtha agus Dearadh Imchrutha**

- D'fhaomh an Bord Pleanála tuarascálacha do na hionaid chóireála fuíolluisce a leanas:
- Sruth éalaithe ionad cóireála fuíolluisce Bhaile Héil (tógáil tosaithe)
- Sruth éalaithe ionad cóireála fuíolluisce Bhaile Phóil (meastar go dtosófar leis an tógáil in 2013)
- Uasghrádú eatramhach ionad cóireála fuíolluisce Átha na nUrlainn (meastar go dtosófar leis an tógáil in 2013)
- Uasghrádú eatramhach ionad cóireála fuíolluisce Chaisleán an Chomair (meastar go dtosófar leis an tógáil in 2013)
- Uasghrádú eatramhach ionad cóireála fuíolluisce Áth Stiúin (meastar go dtosófar leis an tógáil in 2013)

### **Scéim Séarachais na Cloiche/an Mhóinín Rua**

- Tá Réamhthuarascáil á réiteach ag Innealtóirí Comhairleacha.

### **Scéim Séarachais Bhaile an Phoill/Fhiodh Dúin**

- Tá Réamhthuarascáil á réiteach ag Innealtóirí Comhairleacha.

### **Caomhnú Uisce**

- Bainneadh caomhnú uisce, go príomha, leis na leibhéil uisce nár cuireadh i gcontas (UFW) i scéimeanna soláthar uisce, a laghdú. Áirítear le UFW cailleadh uisce mar thoradh ar dhoirteadh ó phróimhphíobáin agus ó fheistis, naisc neamhúdraithe, úsáid iomarcach, agus naisc neamh-mhéadraithe neamhthí.
- Bhí an leibhéal UFW i gContae Chill Chainnigh in 2012 ar an leibhéal ab ísle ó tosaíodh leis an tomhas in 2008. In 2008, b'ionann an UFW agus 56.7% agus in 2012, laghdaíodh an UFW go dtí 39.8%.
- Léiríonn seo laghdú 6,000 méadar ciúbach uisce in aghaidh an lae sa mhéid uisce cóireáilte le haghaidh soláthair.
- Nuair a chuirtear seo i gcomhthéacs, léiríonn sé 1.5 uair an mhéid iomláin uisce a theastaíonn le haghaidh cheithre bhaile sceidealaithe Chill Chainnigh – Caisleán an Chomair, Callainn, Gráig na Manach agus Baile Mhic Andáin i dteannta a chéile.
- Ó tosaíodh oibreacha Chéim 2 in 2009, rinneadh thart ar 3,000 doirteadh a bhrath agus a dheisiú.



*Bhí an leibhéal UFW i gContae Chill Chainnigh in 2012 ar an leibhéal ab ísle ó tosaíodh leis an tomhas in 2008. In 2008, b'ionann an UFW agus 56% agus in 2012, laghdaíodh an UFW go dtí 39.8%.*



*Íocadh suim €332,000 i ndeontais feabhsúcháin le grúpscéimeanna in 2012 agus caitheadh €40,000 ar tháthcheangal Grúpscéimeanna.*

- Tá triúr foirne um brath doirte fostaithe anois agus braitheadh agus deisíodh 750 doirteadh in 2012.
- Meastar go dtosóidh tógáil ar Chéim 1 den chlár ionadaithe agus feabhsúcháin phríomhphíobhán i ráithe 2 in 2013.
- Meastar go leanfaidh an clár Ionadaithe agus Feabhsúcháin agus go dtiocfaidh fairsingiú orthu in 2013 agus i mblianta dá éis sin.

## Clár Uisce Tuaithe

- Tá 232 Grúpscéim ann sa Chontae – 124 Grúpa a dhéantar a sheirbheáil ó fhoirse phríobháideach agus 108 Grúpa atá nasctha leis an soláthar poiblí. Tá 140 Soláthar Beag Príobháideach oibríochtúil ann, lena n-áirítear Scoileanna, Eastáit Tithíochta agus Áitribh Bhia.
- Íocadh suim €332,000 i ndeontais feabhsúcháin le grúpscéimeanna in 2012 agus caitheadh €40,000 sa bhreis ar tháthcheangal Grúpscéimeanna.
- Riaradh 49 Fóirdheontas i dtreo costais reatha oibríochtúla Ghrúpscéimeanna Uisce ar luach €264,602 ar an iomlán agus íocadh iad le Grúpscéimeanna in 2012.
- Íocadh 77 faomhadh le haghaidh iarratais ar dheontais le haghaidh soláthar tobar do thithe príobháideacha agus íocadh suim €133,000 i ndeontais tobar in 2012.

Caitheadh €705,700 ar oibreacha soláthair agus feabhsúcháin do na scéimeanna uisce agus séarachais phoiblí faoin gClár Scéimeanna Beaga.

I measc na scéimeanna a cistíodh ón bhfoirse seo bhí críochnú Ionad Cóireála Fuíolluisce Thulach Ruáin (WWTP), oibreacha uasghrádaithe/feabhsúcháin ionad cóireála ag an gCuan, Baile Héil, an Gleann Mór, Cill Mogeanna agus uasghrádú stáisiún caidéalaithe Áth an Aifrinn. Ina theannta sin, cuireadh tús le hobair ar sheach-phríomhphíobán uisce Áth Stiúin.

- Tugadh faoi 2,114 tástáil, ar an iomlán, ó 91 láthair shamplach, ar na 48 Grúpscéim Uisce rialaithe in 2012.

## Clár Muirear Uisce

- Bhunaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh an tAonad Gnó Muirir Uisce i Lúnasa 2010. Thug an t-aonad seo an fhoireann le chéile ó Sheirbhísí Sláintíochta agus Bailiú Fiachais chun cur chuige níos dírithe a chur ar fáil ar mhuirir uisce.
- Tá an tAonad Gnó Muirir Uisce freagrach as sonraisc a sheoladh agus bailiú muirir uisce.
- Seoltar sonraisc, go ginearálta, ar bhonn ráithiúil, ach seoltar billí chuig ardúsáideoirí gach mí. Cabhraíonn seo leis an gcustaiméir agus leis an gComhairle i dtaobh cúrsaí sreabhadh airgid de.
- Don dara bliain as a chéile, ní raibh aon mhéadú ar mhuirir uisce agus dhramhaíola. B'ionann na rátaí le haghaidh úsáideoirí neamhbhaile agus €0.96 in aghaidh an mhéadair chearnaigh le haghaidh uisce óil agus €1.93 in aghaidh an mhéadair chearnaigh le haghaidh fuíolluisce (comhráta €2.89).
- Leanann Comhairle Contae Chill le roinnt tionscnamh a chur chun cinn, ar nós logálaithe sonraí agus [www.meter.ie](http://www.meter.ie) chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid uisce a spreagadh.
- I gcaitheamh 2012, scaipeadh bileog a thug treoir ar mhuirir uisce 2012 agus inar tugadh breac-chuntas do chustaiméirí ar chaomhnú uisce ar gach custaiméir.



*Don dara bliain as a chéile, ní raibh aon mhéadú ar mhuirir uisce agus dhramhaíola. B'ionann rátaí le haghaidh úsáideoirí neamhbhaile agus €0.96 in aghaidh an mhéadair chearnaigh le haghaidh uisce óil agus €1.93 in aghaidh an mhéadair chearnaigh le haghaidh fuíolluisce (comhráta €2.89).*



*Bhí Comhairle Contae Chill Chainnigh ar cheann de shé Údarás Áitiúla sa tír a bhain marc 100% amach nuair a rinne an GCC measúnú ar fhoilsiú torthaí um cháilíocht uisce ar líne.*

## Clár Cáilíocht Uisce

- I gcomhairle leis an GCC, tugadh isteach clár monatóireachta níos dírithe rioscabhunaithe monatóireachta ar cháilíocht uisce, a cuireadh le chéile bunaithe ar fheabhsúcháin agus ar eolas leantach a fuarthas le blianta beaga anuas. In ainneoin gur laghdaíodh an líon tástálacha paraiméadair faoinar tugadh faoi 10% anuas go dtí 12,550, d'eascair pictiúr níos cuimsithí de cháilíocht an uisce a bhí á chur ar fáil sa soláthar as an sprioc-chur chuige rioscabhunaithe.
- I dteannta na tástála ar uisce óil, thug an Chomhairle faoi shampláil chuimsitheach fuíolluisce agus faoi chlár tástála chomh maith in 2012.
- I gcaitheamh 2012, thug foireann cáilíocht uisce na Comhairle faoi 9,500 tástáil ar pharaiméadar fuíolluisce ar an iomlan.
- Bhain ríthábhacht leis na torthaí a fuarthas ó na cláir thástála uisce agus fuíolluisce maidir le tacú le déanamh cinntí i ndáil le cinntí faoi infheistíocht oibríochtúil agus chaipitiúil ar aon.
- Bhí Comhairle Contae Chill Chainnigh ar cheann de shé Údarás Áitiúla sa tír a bhain marc 100% amach nuair a rinne an GCC measúnú ar fhoilsiú torthaí um cháilíocht uisce ar líne.
- Lean Cruinnithe an Ghrúpa Idirchaidrimh Cháilíocht Uisce le FSS bheith an-rathúil agus an-phraiticiúil maidir le bainistíocht a dhéanamh ar cháilíocht na soláthairtí uisce óil agus chun sláinte phoiblí chustaiméirí a chosaint. D'oibrigh an Grúpa fíor-mhaith chun aon teagmhais cháilíocht uisce a bhainistiú a tháinig chun solais.

## Seirbhísí Comhshaoil

Is iad cuspóirí na Rannóige Comhshaoil:

- Forbairt inmharthana a chur chun cinn
- Bonneagar éifeachtúil agus bainistíocht dramhaíola faoina bhfuil bonn daingean comhshaoil a sholáthar agus chun Comhphlean Bainistíocht Dramhaíola an Oirdheiscirt a chur i bhfeidhm
- Chun córais chuí rialála agus mhonatóireachta a choimeád le haghaidh chosaint an chomhshaoil agus rialú truaillithe

Tá an Rannóg Comhshaoil freagrach as breis agus 500 feidhm reachtúil, a chuimsítear laistigh de bhreis agus 100 píosa reachtaíochta. I measc na bpríomhlimistéar lena ndéileáiltear tá:

- Bainistíocht Dramhaíola
  - Pleanáil Bainistíocht Dramhaíola
  - Ionad Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola an Dúin Mhóir
  - Athchúrsáil
  - Forfheidhmiú
  - Bainistíocht Bruscair
- Oideachas agus Feasacht



An Méara i dtacsáí GLT





*Rinne an tIonad Seachtain Athchúrsála Repak a cheiliúradh trí imeacht um chur chun cinn margáochta Amais Athchúrsála ('Recycling Hits') a chur ar siúl i gcomhar le KCLR96FM.*



Ionad Athchúrsála ag an Dún Mór

- Cáilíocht Uisce agus Rialú Truailithe
  - An Chreat-Treoir Uisce
  - Rialú agus Forfheidhmiú Truailithe
- Sábháilteacht Uisce
- Reiligi
- Seirbhísí Tréidliachta

## Bainistíocht Dramhaíola

### Pleanáil Bainistíocht Dramhaíola

- Rinneadh measúnú in 2012 ar an gComhphlean Bainistíocht Dramhaíola (JWMP) do Réigiún an Oirdheiscirt, 2006-2011 agus is é toradh an mheasúnaithe sin gur gá an Plean a ionadú.

### Ionad Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola an Dúin Mhóir 2012

- Rinneadh fálú slándála a shuiteáil timpeall imill an ionaid athchúrsála.
- Tugadh limistéar glas leithdheighilte dramhaíola isteach, ina ndearnadh 110 tonna de dhramhaíl ghairdín a bhaint ó líonadh talún agus a seoladh le haghaidh múiríníú ina ionad sin.
- Rinneadh bainistíocht agus coinsíniú ar an suíomh de dhramhaíl ghuaiseach tí, as ar eascair laghdú suntasach costais don áis.
- Iomaitheoir a bhí san Ionad i nDámhachtainí Ionad Náisiúnta Athchúrsála Repak, agus tugadh aitheantas náisiúnta don ionad mar cheann de na trí fhóntas athchúrsála is fearr sa tír.
- Cur chun cinn leanúnach na háise trí na meáin shóisialta, i.e. na nuachtáin agus an raidió. Tugadh earraí um chur chun cinn amach ar an suíomh (málaí athchúrsála, pinn luaidhe, cásanna peann luaidhe agus rialóirí), a rinneadh ó ábhair athchúrsáilte chun toradh dearfach deiridh a léiriú don phróiseas athchúrsála agus chun breis athchúrsála a spreagadh níos mó.
- Bhí an áis go hiomlán comhlíontach lena gceadúnas dramhaíola, agus níor eascair aon ghearáin uaidh seo ón bpobal áitiúil, agus níor imríodh aon drochthionchar ar an gcomhshaol mórthimpeall.
- Rinne an tIonad Seachtain Athchúrsála Repak a cheiliúradh trí imeacht um chur chun cinn margáochta Amais Athchúrsála ar chur ar siúl ('Recycling Hits') i gcomhar le KCLR96FM.

### Ceadanna Bailithe Dramhaíola

- Tar éis athbheithniú a dhéanamh ar an tseirbhís, aistríodh an fheidhm cheadaithe bailithe dramhaíola chuig Contae Uíbh Fhailí i rith na bliana mar chomhsheirbhís.

### Athchúrsáil

- Oibríonn an Rannóg Comhshaoil breis agus daichead ionad fág anseo fud fad an chontae anuas ar fhóntas an Dúin Mhóir.
- Leanann an Conradh Cothabhála le feabhas ollmhór a chur ar ghlaine na láithreacha fág anseo.
- Lean an tairiscint réigiúnach le haghaidh seirbhísí na n-áiseanna athchúrsála in 2012.



*Oibríonn an Rannóg Comhshaoil breis agus daichead ionad fág anseo fud fad an chontae anuas ar fhóntas an Dúin Mhóir:*



Gradaim REPAK

- In 2012, chríochnaigh WEEE Ireland, mar thacaíocht le hÚdarás Áitiúla Chill Chainnigh, 10 lá bailithe shoghluaiste de 101 tonna de dhramhaíl leictreach. Is ionann seo agus coibhéis mheáchain 4,612 teilifís a athchúrsáil.
- Athchúrsáil Dramhthrealaimh Leictreach agus Leictreonaigh (WEEE).

## Forfheidhmiú

- Ar an iomlán, fuarthas 947 gearán comhshaoil a rinne an Fhoireann Forfheidhmithe a fhiosrú in 2012. Bhain coibhéis mhór de na freagraí a fuarthas le dumpáil mhídhleathach. Tar éis na suíomhanna iniúchta a chríochnú, glanadh na suíomhanna le cosc a chur ar mhéadú na dumpála ag na láithreacha.
- Ceannaíodh 13 cheamara chliste cheilte. Socraítear iad seo chun monatóireacht a dhéanamh ar éagsúlacht mhór mhórláithreacha bruscair, lena n-áirítear líon de na hIonaid Fág Anseo.
- Eisíodh 53 fíneáil tar éis fianaise a fháil ó na ceamaraí.
- Mar gheall ar cháilíocht na fianaise a sholáthraíonn na ceamaraí, tá drogall ar na daoine ar a ngearttar fíneáil chun cur in aghaidh na fianaise agus is gnách go ngactar leis an bhfíneáil ar an láthair gan orainn ionchúiseamh os comhair na gcúirteanna a lorg.
- Tugadh chun críche 1,050 iniúchadh suímh ar áiseanna agus áitribh éagsúla i gcaitheamh na bliana faoinár bPlean RMCEI, a sháraigh ár spriocanna beartaithe iniúchta.
- Glacadh 86 nós imeachta forfheidhmithe mar thoradh air seo, idir litreacha rabhaidh a eisiúint agus fógraí reachtúla i leith ionchúiseamh a eisiúint.

## Bainistíocht Bruscair

- Glacadh go foirmiúil le Plean Bainistíochta Bruscair 2012-2014 san earrach.
- Seoladh an Tascfhórsa in aghaidh Bruscair Guma Coganta i gCathair Chill Chainnigh i mBealtaine 2012 chun feasacht a mhúscailt ar na fadhbanna a bhaineann le bruscair guma coganta.
- Tugadh isteach dhá fheachtas um shalú ag madraí chun feasacht a mhúscailt ar fhreagrachtaí úinéirí madra chun glanadh suas i ndiaidh shalú a bpeata fad a bhíonn siad amuigh sa phobal.

## Oideachas agus Feasacht

### Scoileanna

- Glacann breis agus 85% de na scoileanna páirt i gclár na scoile glaise.
- Bronnadh an bhratach ghlas ar 54 scoil.
- Eagraíodh 39 ceardlann scoile de théama comhshaoil trí Chlár Oideachais an Earraigh.
- Tugadh 33 cuairt scoile chun críche chun cabhrú go sonrach le scoileanna le clár na brataí glaise.
- Bhí tráthnóna faisnéise bliantúil scoileanna na brataí glaise ar siúl le haghaidh múinteoirí agus tuismitheoirí le cúnamh ó An Taisce i nDeireadh Fómhair.
- Ghlac 11 ghrúpa meánscoile páirt in dhá cheardlann dramháola agus bhruscair do dhéagóirí chun lámh chúnta a thabhairt lena gclár scoile.

### Glantachán Náisiúnta an Earraigh

- Chláraigh 119 grúpa áitiúil pobail leis an Taisce chun páirt a ghlacadh i nGlantachán Náisiúnta an Earraigh in Aibreán. Soláthraíodh soláthairtí breise glantacháin do ghrúpaí ónar theastaigh cúnamh agus d'eagraigh an Rannóg Comhshaoil bailiú bruscair ó ghlantacháin mhóra phobail.

### Cosc ar Dhramhaíl

- Cuireadh Glasú Thaispeántas Uíbh Eirc ar an ngearrliosta i nDámhachtainí Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann faoin gCatagóir 'An Comhshaoil Inmharthana'.



*Glacann breis agus 85% de na scoileanna páirt i gclár na scoile glaise.*



Clár na Scoile Níos Glaise 2012



*Chláraigh 119 grúpa áitiúil pobail leis an Taisce chun páirt a ghlacadh i nGlantachán Náisiúnta an Earraigh in Aibreán. Soláthraíodh soláthairtí breise glantacháin do ghrúpaí ónar theastaigh cúnamh agus d'eagraigh an Rannóg Comhshaoil bailiú bruscair ó ghlantacháin mhóra phobail.*

## Bailte Slachtmhara

- Tugadh cabhair do ghrúpaí áitiúla bailte slachtmhara trí cheardlanna meantóireachta a eagrú a bhí faoi stiúir breithneoirí náisiúnta.

## Caidreamh Poiblí

- Tugadh líon tionscnamh chun críche le KCLR 96Fm chun feachtais chomhshaoil a thabhairt chun solais i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear Eco Chat le Seó Sue Nunn agus dhá fheachtas fógraíochta chun Feachtais frithshalaithe ag madraí agus Úinéireachta Freagraí ar Mhadraí a thabhairt chun solais.
- Tugadh 22 preaseisiúint do na meáin áitiúla le linn na bliana chun béim a leagan ar ghníomhaíochtaí feasachta agus forfheidhmithe.

## Cáilíocht Uisce agus Rialú Truailithe

### An Chreat-Treoir Uisce agus Bainistíocht Abhantraí

- Tugadh chun críche an próiseas lena mbaineann athbhreithniú a dhéanamh ar gach Ceadúnas Sceite Alt 4 faoi na Rialacháin Uisce Dromchla in 2012.
- Chruthaigh Plean Forfheidhmithe Chontae Chill Chainnigh, ina leagtar amach bearta sonracha nach mór tabhairt fúthu i gContae Chill Chainnigh le comhlíonadh na Creat-Treorach Uisce a chinntiú, cuid den chreatlach um pleanáil iniúchta in 2012.
- Leanadh leis an gClár Fairsing Monatóireachta Uisce Dromchla agus Screamhuisce.

### Rialú agus Forfheidhmiú Truailithe

- Thug foireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh faoi 116 iniúchadh feirme i ndobharlaigh ardtosaíochta.
- Rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh 16 fheirm a chrostuairisciú faoi na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta.
- Thug DAFM faoi 56 iniúchadh feirme thar cheann CCCC agus deimhníodh go raibh 26 ceann neamhchomhlíontach leis na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta.
- Tugadh faoi bhreis agus 100 iniúchadh ar ionaid seirbhís bhia chun sceitheadh saille, olaí agus gréisce leis an séarach poiblí a rialú.

### Buaint Bia 2020 ('Food Harvest 2020')

- Cuireadh tionscadal ar "Tacú le Forbairt Gheilleagrach an Tionscail Agraibhia san Oirdheisceart" ar an ngearrliosta i nDámhachtainí Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann faoin gCatagóir 'Comhpháirtíocht le Gnó'.

### Sábháilteacht Uisce

- Thit bronnadh teastas ar 34 garda tarrthála mar aon le 14 gharda tarrthála athbhailíochtaíthe amach i Hall an Chontae i mBealtaine 2012.
- D'oibrigh go leor de na gardaí tarrthála seo le haghaidh Chomhairle Contae Chill Chainnigh le linn mhíonna na tsamhraidh. Is iad na limistéir shnámh, na Cluainte, an Chora, Gráig na Manach agus Inis Tíog.
- Tugadh faoi fheabhsúcháin ar an limistéar snámha ar Bhóthar an Tuair, Cill Chainnigh. Rinne CCCC agus brainse Shábháilteacht Uisce Éireann Chill Chainnigh na hoibreacha a chomhchistiú.



*Thug foireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh faoi 116 iniúchadh feirme i ndobharlaigh ardtosaíochta.*



*Cuireadh tionscadal ar "Tacú le Forbairt Gheilleagrach an Tionscail Agraibhia san Oirdheisceart" ar an ngearrliosta i nDámhachtainí Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann faoin gCatagóir 'Comhpháirtíocht le Gnó'.*

## Reiligí

- Tá ag Comhairle Contae Chill Chainnigh 14 reilig oscailte agus ghníomhacha ar fud an Chontae agus tá feighlí ag feidhmiú i ngach ceann chun bainistíocht a dhéanamh ar choimeád na gcuntas.
- Leantar le forbairt a dhéanamh ar léarscáileanna uasdátaithe reilige agus déantar iad a scaipeadh ar na feighlithé nuair a bhíonn siad críochnaithe.

## Seirbhísí Tréidliachta

- Comhlíonann an tSeirbhís Tréidliachta an conradh seirbhíse um shábháilteacht bhia idir FSAI agus Comhairle Contae Chill Chainnigh. I measc na bhfeidhmeanna Sláinte Phoiblí Tréidliachta agus leas ainmhithe tá rialuithe/rialú oifigiúil seamlas agus ionaid bheaga phróiseála agus ionaid bheaga mharaithe éanlaithe clóis a sholáthar (áirítear leis seo marú éanlaithe clóis ar an bhfeirm, i.e. marú séasúrach).
- Maraíodh 5,217 Eallach, 20,632 Caora agus 118 Muc sna seamlais faoi mhaoirsiú na seirbhíse.
- Glacadh 53 sampla mar chuid den Phlean Náisiúnta Rialaithe Fuíll.
- Rinne an Fhoireann Forfheidhmithe Rialú Capall 78 capall agus 8 gcapall a ghaibhniú in 2012.
- In 2012, eisíodh 6,626 ceadúnas aonair mhadraí mar aon le 7 gceadúnas ginearálta madraí agus 14 cheadúnas madraí fadsaoil don chontae.
- Cláraíodh 7 n-áitreabh faoin Acht um Ionaid Phóraithe, 2010 a tháinig i bhfeidhm sa dlí in 2012.

# Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh



# Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh

Is í feidhm Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh seirbhísí áitiúla a riar laistigh de Bhuirg Chill Chainnigh. I measc na ndualgas, tá an bonnagar, an pobal agus seirbhísí sibhialta agus tá feidhm mhór ag an gComhairle Buirge i gcaomhnú oidhreacht mheánaoiseach Chill Chainnigh agus i bhforbairt Chill Chainnigh mar mhóronad turasóireachta.

## Próifíl na Cathrach

Áit lonnaithe uirbí atá i gCathair Chill Chainnigh a mhair trí na céadta bliain trí oiriúnú do riachtanais a n-áitritheoirí, agus a gné mhealltach do thurasóirí a choimeád i gcónaí. Cruthaíonn an oidhreacht thógtha uathúil agus na sráid-dreacha casta nasc le haimsir árasa ach leanann an áit bheith mar áit bheoga le cónaí agus le hoibriú ann. Tá saintréithe shean-Chill Chainnigh fós le tabhairt faoi deara trí úsáidí nua-aimseartha a cheadú i seanfhoirgnimh ionas nach ndéantar iarsmaí músaeim díobh, ach ina ionad sin, cabhraíonn siad le daoine sult a bhaint as seanfhoirgnimh i suíomhanna nua-aimseartha. Cheiliúir Cill Chainnigh 800 bliain de rialtas an bhaile in 2007 agus 400 bliain de rialtas na Cathrach in 2009. Bhronn Cairt Shéamas 1 1609 Chathair Chill Chainnigh stádas Cathrach ar Chill Chainnigh. Ar cheann de láidreachtaí Chill Chainnigh is ea a nádúr dlúth, i dtaobh méid agus scála fisiciúil de. Cruthaíonn an patrún sráideanna cúngaithe le fánáin ársa suaimhneas ar féidir le coisithe taitneamh a bhaint as agus a éascaíonn rochtain gan stró agus gluaiseacht timpeall na cathrach. Níor baineadh, den chuid is mó, den líonra sráideanna leis na céadta bliain. Ceantar beoga is ea an tSráid Ard, ina bhfuil meascán d'úsáidí chun lucht siopadóireachta agus oibre a mhealladh. Déanann an croí stairiúil – an dromlach anall ó Chaisleán Chill Chainnigh tríd an tSráid Ard, Sráid na Parlaiminte, an Baile Gaelach, go dtí Ard-Eaglais Chainnigh iad seo a nascadh le téamaí éagsúla d'údarás cathartha agus adhlactha.

Bhíodh Halla na Cathrach mar ionad an rialtais áitiúil uirbigh, le stuanna ar an taobh tosaigh agus túr sainiúil cloig, agus ghníomhaigh sé mar phointe fócais le haghaidh rialachas áitiúil ar feadh na gcéadta bliain. Coimeádtar traidisiún fada de pholaitíocht áitiúil go dtí lá na linne seo, agus caomhnaítear an chartlann chathartha ann mar chuimhneachán ar stair uirbeach Chill Chainnigh.

## Soláthar Seirbhísí

- Tá go leor d'fheidhmeanna Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh á soláthar faoi shamhail chomhsheirbhísí le Comhairle Contae Chill Chainnigh agus déantar iad a thuairisciú faoi na tuarascálacha ábhartha Stiúrtóireachtaí.
- Leanann Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh le seirbhísí a sholáthar go díreach sna limistéir a leanas: Bóithre, Iompar, Pleanáil, Forbairt, Athnuachan agus Feabhsú Uirbeach, Reiligí, Feahsúcháin Sráid-dreacha, Páirceanna agus Caitheamh Aimsire, Bailiú Bruscair agus Glantachán Sráideanna, Carrchlóis agus Páirceáil ar an tSráid, Fáiltithe agus Ócáidí Cathartha.

I measc na n-éachtaí in 2012, bhí:

### Bóithre agus Iompar

- Tugadh chun críche comharthaíocht faisnéise ar charrchlós.
- Tugadh chun críche, den chuid ba mhó, stadanna nua bus le colbhaí dílsithe
- Cuireadh an droichead do choisithe (ó Ché Eoin go dtí Cé Bateman) ar aghaidh go dtí céim phleanála foirmiúla
- Tugadh oibreacha bainistíochta soghluaiseachta chun críche ag Lána an Chútaigh, CBS an Sconsa agus Clós an Mhargaidh.
- Tugadh faoi fheabhsúcháin ar thrasrianta coisithe ag Sráid na Parlaiminte, Sráid Eoin agus Sráid Shéamais.
- Críochnaíodh feabhsúcháin scéime ísealchostais timpiste ag Bóthar an Choláiste, Bóthar na nGráinseach agus Bóthar Achadh Úr.



*Tugadh chun críche comharthaíocht faisnéise ar charrchlós.*



*Soláthraíodh stadanna nua bus.*



*Soláthraíodh cosáin nua fheabhsaithe ag Cé Bateman, Céide na Leacan, Sráid Wolfe Tone, Faiche Eoin, Ardán an Gharraí Uachtaraigh agus codanna de Bhóthar na nGráinseach.*

- Soláthraíodh trasrianta cúirtéise coisithe ag Bóthar Dhroichead Binéid/Bóthar Chaisleán an Chomair agus Bóthar Bhaile Átha Cliath.
- Soláthraíodh cosáin nua fheabhsaithe ag Cé Bateman, Céide na Leacan, Sráid Wolfe Tone, Faiche Eoin, Ardán an Gharraí Uachtaraigh agus codanna de Bhóthar na nGráinseach.
- Tugadh faoi athchóiriú dromchla ag Bóthar na nGráinseach, Sráid Roc, Sráid na Parlaiminte, an Bóthar Nua, Faiche Eoin, Bóthar Chaisleán an Chomhair agus Bóthar Hebron.
- Cuireadh feabhsúcháin chumais ar Chuarbhóthar Chill Chainnigh i gcrích
- Cuireadh feabhsúcháin Bhóthar Cheanannais chun cinn
- Tá raon rothar an Chuarbhóthair á leagan
- Tugadh faoi fheabhsúcháin charrchlóis, lena n-áirítear athdhromchlú ag Clós an Mhargaidh, Sráid an Deagánaigh agus Bóthar an Phríosúin.
- Cuireadh i gcrích tionscadail tírdhreachaithe uirbigh, lena n-áirítear áiseanna feabhsaithe coisithe ag Sráid an Deagánaigh agus Faiche Eoin.
- Déantar na hoibreacha uile a chistiú leis an ioncam a fhabhraítear ó mhuirir charrpháirceála.

### **Pleanáil agus Forbairt**

- Fuair an Chomhairle 71 Iarratas Pleanála in 2012, b'iarratais bhailí 57 díobh agus b'iarratais neamhbhailí iad 14.
- Rinneadh 56 cinneadh ar an iomlán.
- Deonaíodh cead pleanála i 50 cás agus diúltaíodh 6 iarratas.
- Bhí 152 Cruinniú Réamhpleanála ar bun in 2012.

### **Pleanáil Straitéiseach**

Cuireadh tús oifigiúil leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae agus Plean Forbartha Cathrach agus Purláin Chill Chainnigh i Meitheamh 2012. Tugadh faoi chleachtadh cuimsitheach comhairliúcháin ina raibh baint ag ailt nuachtáin, cruinnithe múscailte feasachta, forbairt láithreán gréasáin, tionscadal bunscoileanna agus tionscadal meánscoileanna.

- D'fhonn feasacht a mhúscailt agus chun breac-chuntas a thabhairt ar na saincheisteanna a bhí i gceist le haghaidh daoine óga, grúpaí agus eagraíochtaí ar spéis leo, foilsíodh cáipéis ar a dtugtar “Ár bPlean – Treoir maidir le do Thuairim Féin a Nochtadh” (“Our Plan – A Guide to Having Your Say”).
- Réitigh Comhaltaí Tofa na Comhairle Buirge Tuarascáil an Bhainisteora Contae ar an gcomhairliúcháin poiblí mar aon leis na saincheisteanna a tugadh chun solais agus rinne siad breithniú orthu.
- Is í an chéad chéim eile sa phróiseas réiteach dréachtPhlean Forbartha Cathrach agus Purláin Chill Chainnigh faoi Mhárta 2013.

### **Comhlíonadh agus Forfheidhmiú**

Leanann Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh le comhlíonadh na gceadanna agus na gcoinníollacha reatha pleanála a chinntiú agus úsáideann siad na bearta forfheidhmithe nuair is gá.

- Cuireadh tús le himeachtaí dlíthiúla i roinnt cásanna, agus tá sé beartaithe le leanúint agus le hacmhainní a chaitheamh ar an limistéar comhlíonta/forfheidhmithe le forbairt ordúil a chinntiú, atá comhsheasmhach le coinníollacha pleanála.
- Rinneadh 25 gearán foirmiúil maidir le neamhchomhlíonadh.



*Tugadh faoi fheabhsúcháin charrchlóis, lena n-áirítear athdhromchlú ag Clós an Mhargaidh, Sráid an Deagánaigh agus Bóthar an Phríosúin.*





*D'fhógair an Chomhairle Bhuirge "Scéim Péinteála Sráid-Dreacha" den chéad uair in 2010. Leanadh leis an scéim isteach in 2011 agus 2012 agus rinneadh í a leathnú le comharthaíocht lámhphéinteáilte a áireamh.*

- Réitítear tromlach na ngearán trí idirghabháil agus gan aon ghá bheith le tabhairt faoi chaingean dlí.
- Eisíodh 8 litir rabhaidh agus fógra forfheidhmithe

### **An Scéim Péinteála Sráid-Dreacha**

- D'fhógair an Chomhairle Bhuirge "Scéim Péinteála Sráid-Dreacha" den chéad uair in 2010. Leanadh leis an scéim isteach in 2011 agus 2012 agus rinneadh í a leathnú le comharthaíocht lámhphéinteáilte a áireamh.
- Leithdháileadh ciste €10,000 chun cabhrú leis an gcostas a bhí ar aghaidh thosaigh na bhfoirgneamh a phéinteáil laistigh de cheantar riaracháin Chomhairle Bhuirge Chill Chainnigh.
- Cuireann an Scéim deontas ar fáil a mhéid le €500 nó 50% de chostas na hoibre do gach iarratasóir rathúil. Bhí glacadh suntasach leis an scéim, agus leanann sonraí faoi seo;
- Líon na nIarratasóirí: 20
- Líon na nIarratasóirí Faofa: 12
- Líon na ndaoine a bhain leas as an Scéim: 12

### **Ceadúnais faoi Alt 254**

- Cruthaíodh go bhfuil tóir mhéadaitheach ag teacht ar iarratais ar cheadúnais faoi Alt 254 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 i gCathair Chill Chainnigh.
- Déanann an ceadúnas seo úinéir gnólachta a údarú chun táblaí agus cathaoireacha a sholáthar lasmuigh dá n-áitreabh gnó.
- Is amháil a leanas ioncam maidir leis na ceadúnais seo le trí bliana anuas:

2010	2011	2012
€3,375	€6,625	€3,375

### **Páirceanna agus Spásanna Oscailte**

- Baineann cur i láthair na spásanna oscailte ar fud na cathrach ardchaighdeán amach agus bhain Cill Chainnigh toradh suntasach amach i gcomórtas na mBailte Slachtmhara 2012, agus buadh gradam bonn óir agus baineadh an chéad áit amach i Sráithchomórtas Bruscair an IBAL 2012.
- Tugadh faoi fheabhsúcháin fónais ar Fhaiche Eoin, Bóthar Achadh Úr, Sráid an Deagánaigh agus oscailt an Chlárchosáin feadh Abhainn na Feoire agus cruthaíodh tírdhreachú na dtimpeallán ar Chuarbhóthar Chill Chainnigh íomhá an-dearfach ar na bóithre a thagann i dtreo na Cathrach.
